An Coimisiún Pleanála

# Tionscadail Leasa Choitinn

Lámhleabhar Nósanna Imeachta don Phróiseas Deonaithe Ceadanna

Airteagal 9 de Rialachán 2022/869
Treoirlínte maidir le Bonneagar Tras-Eorpach Fuinnimh

Eanáir 2026


Regions of Europe
Western Europe
Southern Europe
Central Europe
Northern Europe
Eastern Europe
Iceland
Sweden
Finland
Norway
Russian Federation
Estonia
Latvia
Latgale
Lithuania
Denmark
Ireland
United Kingdom
Belarus
Netherlands
Poland
Germany
Belgium
Ukraine
Czech Republic
Slovakia
Moldova
Austria
France
Switzerland
Hungary
Romania
Slovenia
Croatia
Bosnia
Serbia
Bulgaria
Italy
Kosovo
Montenegro
Macedonia
Spain
Portugal
Albania
Turkey
Greece
Cyprus
Malta

# Séanadh

De réir fhomhír 1 d'Airteagal 9 den Rialachán, níl an Lámhleabhar seo ceaptha chun a bheith ina dhoiciméad atá ina cheangal dlí. Is é is aidhm don Lámhleabhar cúnamh a thabhairt do thionscnóirí tionscadail, don phobal agus d'údaráis eile lena mbaineann. Tá sé beartaithe go soláthrófar trédhearcacht agus go gcabhrófar le rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas deonaithe ceadanna mar thoradh ar an Lámhleabhar.

An Coimisiún Pleanála

## Clár Ábhar


1. Réamhrá 6

2. Eagrú an Phróisis Deonaithe Ceadanna 9

3. Rannpháirtíocht Phoiblí 13

4. An Próiseas Deonaithe Ceadanna 22

5. An Phríomh-Reachtaíocht um Dheonú Ceadanna 38

6. Geallsealbhóirí Móra 49

7. Leibhéal Mionsonraithe na nDoiciméad le haghaidh Iarratas 50

8. Mionsonraí Teagmhála 52

# 1. Réamhrá

## 1.1 Rialachán (AE) Uimh. 2022/869

Ullmhaíodh an Lámhleabhar seo de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh (an Rialachán).

Tá sé mar aidhm leis an Rialachán córais fuinnimh na dtíortha den Aontas Eorpach a nascadh le tionscadail ar Liosta an Aontais a bhaineann tairbhe as nósanna imeachta brostaithe ceadúcháin. Is ionann na tionscadail ar an liosta agus príomhthionscadail bhonneagair a bhfuil mar aidhm leo margadh fuinnimh na hEorpa a chur i gcrích chun cabhrú leis an Aontas Eorpach an beartas fuinnimh agus na cuspóirí aeráide atá aige a bhaint amach. Athbhreithneofar an Lámhleabhar agus nuashonrófar tuilleadh é, nuair is gá.

## 1.2 Rialachán (AE) Uimh. 2022/869

Chun feabhas a chur ar chomhtháthú mhargadh fuinnimh an Aontais Eorpaigh, tharraing an Coimisiún Eorpach liosta de thionscadail bonneagair fuinnimh ar a dtugtar Tionscadail Leasa Choitinn suas. Roghnaítear na tionscadail sin chun cuspóirí beartais fuinnimh an Aontais Eorpaigh a bhaint amach a mhéid a bhaineann le fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe.

Bunaítear Liosta de chuid an Aontais gach dhá bhliain. Rinne na Grúpaí Réigiúnacha dá dtagraítear sa Rialachán measúnú ar na tionscadail atá ar Liosta an Aontais. Is iad na Ballstáit ar lena gcríoch féin a bhaineann na tionscadail a fhormheasann gach tionscadal beartaithe, agus ní mór don Choimisiún Eorpach an Liosta a ghlacadh.

Is féidir go mbainfidh na tionscadail ar an Liosta tairbhe as pleanáil bhrostaithe agus as deonú brostaithe ceadanna, as dálaí rialála níos fearr, as costais riaracháin níos ísle mar thoradh ar phróisis chuíchóirithe measúnachta timpeallachta, as rannpháirtíocht phoiblí mhéadaithe trí chomhairliúcháin, as infheictheacht mhéadaithe d’infheisteoirí agus as rochtain ar thacaíocht airgeadais.

Is sainmhínithe sa Rialachán atá catagóir nua tionscadal dá ngairtear Tionscadail Chomhleasa. Bunófar an chéad Liosta de chuid an Aontais de thionscadail leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa de bhun an Rialacháin athbhreithnithe.

Is féidir go mbeidh na sainmhínithe seo a leanas úsáideach le linn an Lámhleabhar seo a léamh.

Ciallaíonn **Cinneadh Cuimsitheach** an cinneadh nó an tsraith cinntí arna dhéanamh nó arna ndéanamh ag údarás Ballstáit nó údaráis Bhallstáit, gan cúirteanna ná binsí a chur san áireamh, lena gcinntear cibé acu a údaraítear nó nach n-údaraítear do thionscnóir tionscadail bonneagar fuinnimh a thógáil chun tionscadal leasa choitinn nó tionscadal comhleasa a bhaint amach trína bheith ábalta tús a chur leis na hoibreacha tógála is gá nó iad a sholáthar agus tús a chur leo (céim 'réidh le tógáil') gan dochar d'aon chinneadh arna dhéanamh i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc riaracháin.

Ciallaíonn **Tionscadal Leasa Choitinn** tionscadal a bhfuil gá leis chun na conairí agus réimsí tosaíochta maidir le bonneagar fuinnimh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur chun feidhme agus atá ar liosta an Aontais.

Ciallaíonn **Tionscadal Comhleasa** tionscadal a chuireann an tAontas chun cinn i gcomhar le tríú tíortha de bhun litreacha tacaíochta ó rialtais na dtíortha a ndéantar difear dóibh go díreach nó de bhun comhaontuithe neamhcheangailteacha eile, a thagann faoi cheann amháin de na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointe 1(a) nó (f), pointe 3(a), nó pointe 5(a) nó (c) d'Iarscríbhinn II, a rannchuidíonn le spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais agus lena chuspóir aeráidneodrachta do 2050 agus atá ar liosta an Aontais.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach é an tÚdarás Inniúil Náisiúnta a roghnaíonn na tionscadail lena gcur ar áireamh i Liosta an Aontais. Ina ionad sin, is iad Grúpaí Réigiúnacha atá faoi chathaoirleacht ag an gCoimisiún a roghnaíonn iad.

Cuirfidh an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) na nósanna imeachta céanna i bhfeidhm i leith gach tionscadail atá ar liosta an Aontais, is cuma cé acu is tionscadal leasa choitinn nó tionscadal comhleasa é an tionscadal. Iarrtar ar Thionscnóirí Tionscadail a shainaithint cé acu is tionscadal leasa choitinn nó tionscadal comhleasa é a dtionscadal agus iad ag tabhairt fógra dúinn faoin tionscadal faoi Airteagal 10.

## 1.3 Éire agus an tÚdarás Inniúil Náisiúnta

### Ainmníodh an Coimisiún Pleanála mar Údarás Inniúil Náisiúnta an 4 Nollaig 2013.

Mar Údarás Inniúil Náisiúnta, táimid freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna a éascú agus a chomhordú do thionscadail atá ar liosta an Aontais.

## 1.4 Lámhleabhar Nósanna Imeachta

Le hAirteagal 9 den Rialachán, lena bpléitear le Trédhearcacht agus Rannpháirtíocht Phoiblí, foráiltear go ndéanfaidh gach Ballstát nó gach Údarás Inniúil Náisiúnta, i gcomhoibriú le húdaráis eile lena mbaineann, i gcás inarb infheidhme, lámhleabhar nósanna imeachta nuashonraithe a fhoilsiú le haghaidh an phróisis deonaithe ceadanna is infheidhme maidir le tionscadail atá ar liosta an Aontais.

Is é is aidhm don Lámhleabhar na nithe seo a leanas a leagan amach:

a. sonraíochtaí na gcodanna ábhartha den reachtaíocht ar a mbunaítear cinntí agus tuairimí maidir leis na cineálacha éagsúla tionscadal ábhartha leasa choitinn, lena n-áirítear dlí an chomhshaoil;

b. an liosta de na cinntí agus na tuairimí ábhartha atá le fáil;

c. ainmneacha agus mionsonraí teagmhála an údaráis inniúil, na n-údarás eile lena mbaineann agus na ngeallsealbhóirí móra lena mbaineann;

d. an sreabhadh oibre, ina dtugtar achoimre ar gach céim sa phróiseas, lena n-áirítear amlíne tháscach agus léargas achomair ar an bpróiseas cinnteoireachta i dtaca leis na cineálacha éagsúla tionscadal ábhartha leasa choitinn;

e. faisnéis faoi raon feidhme, faoi struchtúr agus faoi leibhéal mionsonraithe na ndoiciméad atá le tíolacadh leis an iarratas ar chinntí, lena n-áirítear seicliosta;

f. na céimeanna agus na modhanna trína mbeidh an pobal i gcoitinne rannpháirteach sa phróiseas;

g. an bealach ina léireoidh an t-údarás inniúil, na húdaráis eile lena mbaineann agus an tionscnóir tionscadail gur cuireadh san áireamh na tuairimí a cuireadh in iúl sa chomhairliúchán poiblí, mar shampla trí léiriú a thabhairt ar na leasuithe a rinneadh ar shuíomh agus dearadh an tionscadail nó trí na cúiseanna a thabhairt nár cuireadh tuairimí den sórt sin san áireamh;

h. a mhéid is féidir, aistriúcháin ar a bhfuil ann i dteangacha uile na mBallstát comharsanachta arna ndéanamh i gcomhar leis na Ballstáit chomharsanachta ábhartha

# 2. Eagrú an Phróisis Deonaithe Ceadanna

## 2.1 An Scéim Chomhoibríoch

Chun an próiseas deonaithe ceadanna a chur chun feidhme, roghnaigh Éire an scéim 'Chomhoibríoch' mar shásra le haghaidh an cinneadh cuimsitheach a eisiúint. Foráiltear leis an scéim sin gurb é an tÚdarás Inniúil Náisiúnta a chomhordóidh an cinneadh cuimsitheach.

Bunóidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis eile lena mbaineann, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus gan dochar do theorainneacha ama a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 10(1) agus (2), teorainn ama réasúnach faoina ndéanfar na cinntí aonair a eisiúint, de réir an cháis. Déanfaidh sé faireachán ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama ag na húdaráis lena mbaineann. I gcás nach mbeifear ag dréim leis go soláthróidh údarás cinneadh aonair laistigh den teorainn ama a leagadh síos, ní mór don údarás sin an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) a chur ar an eolas faoi sin láithreach, agus na cúiseanna leis an moill á dtabhairt aige. Ina dhiaidh sin, leagfaidh an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) teorainn ama eile síos faoina ndéanfar an cinneadh aonair sin a eisiúint, i gcomhréir leis na teorainneacha ama foriomlána a leagtar síos in Airteagal 10(1) agus (2).

## 2.2 Ról an Choimisiúin Pleanála ina Cháil mar Údarás Inniúil Náisiúnta

Is é ról an Choimisiúin Pleanála mar Údarás Inniúil Náisiúnta comhordú a dhéanamh ar eisiúint na dtoilithe uile is gá ó na húdaráis uile lena mbaineann agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama.

Tá ról ag an Údarás Inniúil Náisiúnta faoi Airteagal 5 freisin maidir le tuairisc a thabhairt, ar bhonn bliantúil, ar dhul chun cinn agus, i gcás inarb ábhartha, ar mhoilleanna ar chur chun feidhme tionscadal atá ar liosta an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, ar na cúiseanna leis na moilleanna sin.

Is ról mar mheasúnóir neamhspleách go fóill é an ról pleanála reachtúil atá ag an gCoimisiún Pleanála maidir le cinneadh a dhéanamh ar aon achomharc nó aon iarratas a thaisctear leis. Ní dhéanfaidh na dualgais atá air mar Údarás Inniúil Náisiúnta faoin Rialachán aon difear den mheasúnú neamhchlaon a dhéanfaidh sé ar achomhairc nó iarratais phleanála. Chun é sin a léiriú go soiléir, bhunaigh an Coimisiún Pleanála Aonad um Thionscadail Leasa Choitinn chun an próiseas tionscadal leasa choitinn a riar ar leithligh óna Aonad um Bonneagar Straitéiseach agus óna Aonad um Achomhairc Phleanála. Tá an tAonad um Thionscadail Leasa Choitinn freagrach as na toilithe éagsúla a chomhordú, as comhoibriú leis na húdaráis lena mbaineann, agus le hÚdaráis Inniúla Náisiúnta eile, agus as an Lámhleabhar Nósanna Imeachta don Phróiseas Deonaithe Ceadanna a nuashonrú. Ar mhaithe le héifeachtúlacht eagraíochtúil, is féidir go n-oibreoidh roinnt ball foirne riaracháin san Aonad um Thionscadail Leasa Choitinn agus in Aonaid eile sa Choimisiún Pleanála araon. Mar sin féin, ní dhéileálfaidh aon bhall foirne leis an dá ghné de thionscadal (Tionscadail atá ar liosta an Aontais agus iarratas/achomharc) tráth ar bith.

Is é ról an Choimisiúin Pleanála faoin Scéim Chomhoibríoch ná go rannchuidíonn an Coimisiún Pleanála, mar chomhlacht deonaithe toilithe as a cheart féin, leis an bpróiseas deonaithe ceadanna ar an tslí chéanna a rannchuidíonn na húdaráis eile lena mbaineann leis. I gcás tionscadal atá ar Liosta an Aontais agus ar tionscadal Bonneagair Straitéisigh é freisin, is féidir gur fiú smaoineamh ar an gCoimisiún Pleanála mar chomhlacht a bhfuil dhá ról aige: ról amháin mar chomhlacht cinnteoireachta i réimse na pleanála, agus ról eile comhthiomsúcháin agus comhordúcháin mar Údarás Inniúil Náisiúnta, rud ar próiseas riaracháin é. Ní chuirfidh ceachtar ról as don ról eile, agus coinníonn an t-aonad riaracháin ar leith an roinnt feidhme sin ar bun.

## 2.3 Ról na nÚdarás Eile lena mBaineann

### Ní bhaineann rannpháirtíocht aon údaráis eile lena mbaineann sa phróiseas seo an bonn dá neamhspleáchas ná dá neamhchlaontacht maidir le cinneadh a dhéanamh ar iarratais ar thoiliú a thagann faoina shainchúram reachtúil.

Foráiltear leis an Scéim Chomhoibríoch gurb amhlaidh, i gcás nach mbeidh údarás aonair ag dréim le toiliú a sholáthar laistigh den teorainn ama shonraithe, nach mór don údarás sin fógra a thabhairt don Údarás Inniúil Náisiúnta faoi sin láithreach, agus na cúiseanna leis an moill á dtabhairt aige. Maidir leis an gceanglas sin chun an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta[1]) a chur ar an eolas agus na cúiseanna a thabhairt, níor cheart a mheas dá bharr go bhfuil ag an Údarás Inniúil Náisiúnta aon ról sa chinneadh aonair ó údarás eile nó go gcuireann sé isteach ar an ról cinnteoireachta reachtúil atá ag údaráis eile laistigh dá limistéar dlínse reachtúil. Ní bhaineann aon ról faireacháin den sórt sin de chuid an Údaráis Inniúil Náisiúnta ach leis an ngné teorann ama agus leis an bhfeidhm comhordúcháin, agus ba cheart é a mheas i gcomhthéacs an sceidil don tionscadal aonair atá le tarraingt suas i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile lena mbaineann agus leis an tionscnóir tionscadail.

1. Ciallaíonn an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil) an Coimisiún Pleanála ag gníomhú dó ina cháil mar Údarás Inniúil faoin Rialachán.

## 2.4 Oibleagáidí agus Ceanglais

### Leis an Rialachán, leagtar oibleagáidí agus ceanglais ar an gCoimisiún Pleanála ina cháil mar Údarás Inniúil Náisiúnta, ar údaráis cheadúcháin sa phróiseas agus ar thionscnóirí tionscadail.

Tá roinnt de na hoibleagáidí agus na ceanglais a thagann chun cinn liostaithe thíos.

### An Coimisiún Pleanála ina Cháil mar Údarás Inniúil Náisiúnta

a. Sceideal mionsonraithe don phróiseas deonaithe ceadanna a bhunú de réir an cháis. Tá sé sin le déanamh i gcomhairle leis an tionscnóir tionscadail agus leis na húdaráis eile. [Airteagal 10.6(b)].

b. Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh teorainneacha ama. [Airteagal 8.3(c)].

c. Teorainneacha ama aonair a athshocrú, i gcás nár comhlíonadh na teorainneacha ama bunaidh. [Airteagal 8.3(c)].

d. An coincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí arna thíolacadh ag an tionscnóir tionscadail a mhodhnú nó a fhormheas. [Airteagal 9.3].

e. Faisnéis a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta agus an Ghrúpa ábhartha faoi dhul chun cinn agus, i gcás inarb iomchuí, faoi mhoilleanna ar chur chun feidhme tionscadal atá ar liosta an Aontais i ndáil leis na próisis deonaithe ceadanna. [Airteagal 5.5].

f. Lámhleabhar Nósanna Imeachta nuashonraithe a fhoilsiú. [Airteagal 9.1].

## Na hÚdaráis Eile lena mBaineann

a. Comhoibriú leis an gCoimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) i ndáil leis an achoimre réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal arna tíolacadh ag an tionscnóir tionscadail chun an fógra a admháil agus chun tús an phróisis deonaithe ceadanna a bhunú. [Airteagal 10.3].

b. Comhoibriú leis an gCoimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) chun raon feidhme na dtuarascálacha agus na ndoiciméad agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le tíolacadh ag an tionscnóir tionscadail mar chuid den chomhad iarratais a chinneadh. [Airteagal 10.6(a)].

c. Comhoibriú leis an gCoimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) chun sceideal mionsonraithe a tharraingt suas don phróiseas deonaithe ceadanna. [Airteagal 10.6(b)].

d. An Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) a chur ar an eolas i gcás nach mbeifear ag dréim leis go soláthrófar cinneadh laistigh den teorainn ama a leagadh síos agus cúiseanna a thabhairt leis an moill. [Airteagal 8.3(c)].

e. An cinneadh a chur in iúl don Choimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) an tráth céanna a thabharfar fógra don tionscnóir tionscadail faoin gcinneadh.

## Tionscnóirí Tionscadail

a. Plean cur chun feidhme a tharraingt suas don tionscadal. [Airteagal 5.1].

b. Achoimre réasúnta mionsonraithe a sholáthar ar an tionscadal nuair a bheidh an próiseas deonaithe ceadanna á thosú. [Airteagal 10.3].

c. Coincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta). [Airteagal 9.3].

d. A chinntiú go bhfuil an comhad iarratais iomlán agus leordhóthanach. [Airteagal 10.7].

e. Tuarascáil a ullmhú ina ndéantar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail, agus an tuarascáil agus an comhad iarratais a chur faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta). [Airteagal 9.4].

f. Tuarascáil a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an tionscadail ina míneofar conas a cuireadh san áireamh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phoiblí trí léiriú a thabhairt ar na leasuithe a rinneadh ar shuíomh, treo agus dearadh an tionscadail nó trí na cúiseanna a thabhairt nár cuireadh tuairimí den sórt sin san áireamh. [Airteagal 9.4].

g. Comhoibriú go hiomlán leis an Údarás Inniúil Náisiúnta chun na teorainneacha ama a chomhlíonadh. [Airteagal 10.7].

h. Suíomh Gréasáin tiomnaithe a bhunú don tionscadal agus é a nuashonrú go tráthrialta. [Airteagal 9.7].

i. Tuarascáil bhliantúil maidir leis an tionscadal a chur faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta). [Airteagal 5.4].

# 3. Rannpháirtíocht Phoiblí

## 3.1 Ginearálta

Bunaítear le Coinbhinsiún Aarhus roinnt ceart atá ag an bpobal i ndáil leis an gcomhshaol.

Áirítear iad seo a leanas leis na cearta sin:

- an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis comhshaoil atá ina seilbh ag údaráis phoiblí,
- an ceart chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht comhshaoil, agus
- an ceart chun rochtain a fháil ar cheartas.

Is iad na cearta atá sa Choinbhinsiún an bonn atá leis an gcur chuige a ghlacann an tÚdarás Inniúil Náisiúnta i leith próisis rannpháirtíochta poiblí a eascraíonn as an Rialachán.

Spreagfar tionscnóirí tionscadail caidreamh a dhéanamh leis an bpobal a luaithe is féidir, lena n-áirítear sula gcuirfear tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna. Dírítear aird tionscnóirí tionscadail ar na rannáin maidir le comhairliúchán poiblí atá sna doiciméid seo a leanas ón gCoimisiún Eorpach:

- Nósanna imeachta measúnachta timpeallachta a chuíchóiriú do Thionscadail Leasa Choitinn a bhaineann le bonneagar fuinnimh
- Treoir maidir leis an Nós Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Chur i bhFeidhm do Thionscadail Trasteorann Mhórscála

Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas freisin go mbeidh rannpháirtíocht phoiblí ag teastáil de ghnáth mar chuid de na próisis le haghaidh toilithe éagsúla. Cé nach gá don tionscnóir tionscadail an tÚdarás Inniúil Náisiúnta a chur ar an eolas i gcás ina mbeidh sé ag gabháil do luathchomhairliúchán poiblí, ba cheart dó mionsonraí faoi sin a chur ar áireamh sa choincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí. Foráiltear le hAirteagal 9.3 den Rialachán go gcuirfidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta san áireamh aon chineál rannpháirtíochta poiblí agus comhairliúcháin phoiblí a rinneadh sular cuireadh tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna.

## 3.2 Modhanna Rannpháirtíochta Poiblí

### Tríd is tríd, déantar le córais toilithe na hÉireann socrú do chomhairliúchán poiblí trí fhorálacha reachtacha ábhartha lena gceanglaítear ar iarratasóirí, nó ar an údarás toilithe, fógra a thabhairt don phobal nó do chomhlachtaí sonraithe faoin tionscadal beartaithe.

De ghnáth, ceanglaítear ar iarratasóirí fógra faoi iarratas ar thionscadal beartaithe a thabhairt i nuachtáin áitiúla agus/nó náisiúnta ar feadh tréimhse shonraithe. Is gnách go gceanglaítear orthu déanamh amhlaidh tar éis iarratas a thíolacadh. Foilsíonn údaráis phleanála liostaí seachtainiúla cásanna.

Tríd is tríd, féadfaidh an pobal páirt a ghlacadh i bpróisis toilithe ar na bealaí seo a leanas:

- Aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt ag céim an iarratais.
- Aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt ag céim an achomhairc.
- Tuairimí a thabhairt ar thuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta.
- Tuairimí a thabhairt ar ráiteas tionchair Natura.
- Páirt a ghlacadh in aon éisteacht ó bhéal.
- Athbhreithniú breithiúnach a iarraidh ar chinneadh.

## 3.3 Rannpháirtíocht Phoiblí agus Airteagal 9 de Rialachán 2022/869

Foráiltear le hAirteagal 9 gurb amhlaidh, gan dochar do dhlí an chomhshaoil ná d'aon cheanglais faoi Choinbhinsiún Aarhus, faoi Choinbhinsiún Espoo ná faoi dhlí ábhartha an Aontais Eorpaigh, a chloífidh na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas deonaithe ceadanna leis na prionsabail seo a leanas maidir le rannpháirtíocht phoiblí, mar atá leagtha amach i bpointe (3) d'Iarscríbhinn VI.

Tá na prionsabail sin liostaithe thíos:

a. na geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag tionscadal leasa choitinn orthu, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ábhartha, úinéirí talún agus saoránaigh atá ina gcónaí i gcóngar an tionscadail, an pobal i gcoitinne agus a gcomhlachais, a n-eagraíochtaí nó a ngrúpaí, cuirfear ar an eolas iad go forleathan agus rachfar i gcomhairle leo ag céim luath, ar bhealach cuimsitheach, nuair is féidir ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ar an bpobal fós a chur san áireamh, ar bhealach cuimsitheach, oscailte agus trédhearcach. I gcás inarb ábhartha, tacóidh an t-údarás inniúil go gníomhach leis na gníomhaíochtaí a ghabhann an tionscnóir tionscadail de láimh [tabhair faoi deara nach meastar é sin a bheith ábhartha i gcomhthéacs na hÉireann].

b. áiritheoidh údaráis inniúla náisiúnta go ndéanfar nósanna imeachta comhairliúcháin phoiblí do thionscadail leasa choitinn a ghrúpáil le chéile nuair is féidir, lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí a cheanglaítear cheana faoin dlí náisiúnta. Cumhdófar faoi gach comhairliúchán poiblí gach ábhar a bhaineann le céim áirithe den nós imeachta, agus ní thabharfar aghaidh ar ábhar amháin a bhaineann le céim áirithe den nós imeachta i níos mó ná comhairliúchán poiblí amháin; féadfaidh comhairliúchán poiblí amháin, áfach, tarlú i níos mó ná suíomh geografach amháin. Cuirfear na hábhair a dtabharfar aghaidh orthu i gcomhairliúchán poiblí in iúl go soiléir san fhógra maidir leis an gcomhairliúchán poiblí;

c. ní bheidh barúlacha ná agóidí inghlactha ach amháin ó thús an chomhairliúcháin phoiblí go dtí go rachaidh an spriocdháta in éag;

d. áiritheoidh na tionscnóirí tionscadail go ndéanfar comhairliúcháin le linn tréimhse ina bhféadfaidh an pobal a bheith rannpháirteach go hoscailte agus go cuimsitheach.

## 3.4 An Nós Imeachta Réamhiarratais, Rannpháirtíocht Phoiblí, agus an Coincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí

Mar Údarás Inniúil Náisiúnta, iarrfaimid ar thionscnóirí tionscadail an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leis a luaithe is féidir, lena n-áirítear sula dtabharfaidh an tionscnóir tionscadail fógra foirmiúil don Údarás Inniúil Náisiúnta faoin tionscadal faoi Airteagal 10.3 den Rialachán.

Mar Údarás Inniúil Náisiúnta, tarraingímid aird tionscnóirí tionscadail ar na forálacha d’Airteagal 9(3) den Rialachán, lena bhforáiltear go gcuirfidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta san áireamh aon chineál rannpháirtíochta poiblí agus comhairliúcháin phoiblí a rinneadh sular cuireadh tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna agus aon chinneadh á dhéanamh aige ar an gcoincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí.

I gcás tionscadail trasteorann lena bhfuil baint ag dhá Bhallstát nó níos mó, ba cheart na comhairliúcháin phoiblí i ngach ceann de na Ballstáit lena mbaineann a chur ar siúl laistigh de thréimhse nach faide ná dhá mhí ón dáta a thosaigh an chéad chomhairliúchán poiblí.

Maidir le tionscadail ar dócha go mbeidh tionchar suntasach trasteorann acu in aon Bhallstát comharsanachta a bhfuil feidhm ag Treoir MTT agus ag Coinbhinsiún Espoo maidir leo, cuirfear an fhaisnéis ábhartha ar fáil d’Údarás Inniúil Náisiúnta an Bhallstáit comharsanachta lena mbaineann.

Beidh tréimhse ama tháscach trí mhí ag an tionscnóir tionscadail ó thús an phróisis deonaithe ceadanna chun coincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil Náisiúnta. Mar Údarás Inniúil Náisiúnta, ní mór dúinn an coincheap a mhodhnú nó a fhormheas laistigh de thrí mhí. Déanfar an modhnú nó an formheas tar éis dul i gcomhairle le húdaráis ábhartha eile.

Ba cheart don tionscnóir tionscadail a thabhairt faoi deara nach mór dó sinne féin, mar Údarás Inniúil Náisiúnta, a chur ar an eolas más rud é go mbeidh sé beartaithe aige aon athruithe suntasacha a dhéanamh ar choincheap formheasta maidir le rannpháirtíocht phoiblí. I gcásanna den sórt sin, féadfaimid a iarraidh go ndéanfaí modhnuithe ar an gcoincheap.

Ní mór don tionscnóir tionscadail comhairliúchán poiblí amháin ar a laghad a dhéanamh sula gcuirfidh sé an comhad iarratais críochnaitheach agus iomlán faoinár mbráid. Leis an gcomhairliúchán poiblí sin, cuirfear na geallsealbhóirí ar an eolas faoin tionscadal ag céim luath agus cuideofar leis an suíomh, an treo nó an teicneolaíocht is oiriúnaí a shainaithint, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, i bhfianaise breithnithe leordhóthanacha maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide le haghaidh an tionscadail, leis na tionchair uile atá ábhartha faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus faoin dlí náisiúnta a shainaithint, agus leis na saincheisteanna ábhartha a shainaithint a dtabharfar aghaidh orthu sa chomhad iarratais.

Foilseoidh an tionscnóir tionscadail tuarascáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail ina míneofar conas a cuireadh san áireamh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phoiblí trí léiriú a thabhairt ar na leasuithe a rinneadh ar shuíomh, treo agus dearadh an tionscadail nó trí na cúiseanna a thabhairt nár cuireadh tuairimí den sórt sin san áireamh. Ba cheart don tionscnóir tionscadail tuarascáil a ullmhú freisin ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a rinneadh sular cuireadh tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna. Ní mór an dá cheann de na tuarascálacha sin a thíolacadh in éineacht leis an gcomhad iarratais. Tabharfar aird chuí ar a bhfuil sna tuarascálacha sin agus an cinneadh cuimsitheach á dhéanamh.

## 3.5 Rannpháirtíocht Phoiblí roimh Thíolacadh an Chomhaid Iarratais

### Leagtar amach in Iarscríbhinn VI(5) a ghabhann leis an Rialachán comhthéacs an chomhairliúcháin phoiblí.

Seo a leanas na mionsonraí ina leith sin:

a. bileog faisnéise nach mó ná 15 leathanach a fhoilsiú go leictreonach agus, i gcás inarb ábhartha, i scríbhinn ina dtabharfar, ar bhealach soiléir agus achomair, léargas ar thuairisc ar chéimeanna forbartha an tionscadail, ar chuspóir na gcéimeanna sin agus ar réamh-thráthchlár le haghaidh na gcéimeanna sin, plean forbartha na heangaí náisiúnta, bealaí malartacha a breithníodh, cineálacha agus saintréithe an tionchair fhéideartha, lena n-áirítear tionchar de chineál trasteorann, agus bearta maolaithe féideartha, agus tá bileog faisnéise den sórt sin le foilsiú roimh thús an chomhairliúcháin agus tá seoltaí Gréasáin shuíomh Gréasáin an tionscadail leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 9(7), an t-ardán trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 23 agus an lámhleabhar nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (1) den Iarscríbhinn seo le liostú inti;

b. an fhaisnéis faoin gcomhairliúchán a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an tionscadail leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 9(7), ar bhoird fógraí in oifigí riarachán áitiúil, agus, ar a laghad, i gceann amháin nó, i gcás inarb infheidhme, in dhá cheann de na foinsí meán áitiúla;

c. cuireadh a thabhairt, i scríbhinn nó go leictreonach, do na geallsealbhóirí ábhartha, comhlachais, eagraíochtaí agus grúpaí a mbeidh tionchar ag an tionscadal orthu chuig cruinnithe tiomnaithe, ar lena linn a phléifear aon ábhair imní.

Le linn chéim an nós imeachta réamhiarratais, beimidne, mar Údarás Inniúil Náisiúnta, ag dréim leis go soláthróidh an tionscnóir tionscadail mionsonraí á léiriú gur comhlíonadh an méid sin roimhe seo.

## 3.6 Nósanna Imeachta Comhairliúcháin Phoiblí a Ghrúpáil

### Foráiltear le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán do nósanna imeachta comhairliúcháin phoiblí a ghrúpáil do thionscadail leasa choitinn, i gcás inar féidir.

I gcomhthéacs na hÉireann, is gnách gur ar bhonn geografach a chuirtear comhairliúcháin phoiblí ar thionscadail shonracha ar siúl, i.e., an pobal i réigiún nó limistéar atá i ngaireacht don tionscadal a éascú trí sheisiúin faisnéise nó trí éisteacht ó bhéal a sheoladh i suíomh in aice láimhe.

Agus coincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí á ullmhú acu, tugaimidne, mar Údarás Inniúil Náisiúnta, spreagadh do thionscnóirí tionscadail breithniú a dhéanamh ar ghrúpáil gheografach agus freisin ar chomhairliúcháin a ghrúpáil ar bhonn saincheisteanna ábhartha, mar shampla, ionas gur féidir ról a thabhairt don phobal maidir le saincheisteanna a bhaineann le roinnt iarratas éagsúil ach a thagann faoin aon tionscadal amháin. Tuigimid, mar thoradh ar an Scéim Chomhoibríoch agus ar an iliomad toilithe agus amlínte lena mbaineann, gur féidir go mbeidh sé deacair é sin a dhéanamh ar bhonn saincheisteanna. Is féidir, áfach, comhairliúchán poiblí a chur ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar an iliomad toilithe is gá agus ar na tionchair thimpeallachta a bheidh i gceist. Is féidir plé le giniúint tráchta mar shaincheist ghrúpáilte, mar shampla, i gcás inar féidir na himpleachtaí tráchta a bheidh ag tógáil, oibriú agus cothabháil na forbartha, ag dúnadh bóithre, ag atreoruithe tráchta, ag feabhsuithe bóithre agus ag fáil éigeantach talún le haghaidh leathnú bóithre, naisc bóithre trasteorann, etc., a phlé san aon áit amháin, fiú amháin i gcás ina bhfuil iarratas amháin nó níos mó chuig údaráis toilithe dhifriúla i gceist.

Sa doiciméad ón Aontas Eorpach dar teideal Treoir maidir leis an Nós Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Chur i bhFeidhm do Thionscadail Trasteorann Mhórscála, moltar comhaontuithe déthaobhacha nó ilnáisiúnta a dhéanamh i ndáil le comhairliúchán poiblí trasteorann a sheoladh, lena n-áirítear éisteachtaí poiblí. Is féidir gur fiú do thionscnóirí tionscadail agus d’údaráis eile lena mbaineann breithniú a dhéanamh ag céim luath ar a indéanta atá cur chuige den sórt sin.

## 3.7 An Coincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí

### Foráiltear le hAirteagal 9.3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán 2022/869 go ndéanfaidh tionscnóir tionscadail, laistigh de thréimhse ama tháscach trí mhí ó thús an phróisis deonaithe ceadanna, coincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil Náisiúnta.

Laistigh de thrí mhí ón gcoincheap a fháil, agus aird á tabhairt aige ar aon chineál rannpháirtíochta poiblí agus comhairliúcháin phoiblí a rinneadh sular cuireadh tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna, sa mhéid is gur comhlíonadh ceanglais Airteagal 9 le rannpháirtíocht phoiblí den sórt sin agus comhairliúchán poiblí den sórt sin, iarrfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta modhnuithe nó formheasfaidh sé an coincheap. Mar Údarás Inniúil Náisiúnta, iarrfaimid tuairim na n-údarás ábhartha eile lena mbaineann maidir leis an gcoincheap.

Mar gheall ar an gcreat ama rídhocht trí mhí le haghaidh coincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí a mhodhnú nó a fhormheas, scaipfimid an coincheap ar na húdaráis ábhartha agus is gnách go dtabharfaimid tréimhse trí nó ceithre seachtaine dóibh chun tuairimí a thabhairt. Ní mheasaimid go mbeidh aon scóip ann chun an tréimhse ama sin a fhadú, i bhfianaise cheanglais an Rialacháin. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis uile lena mbaineann aon phróisis inmheánacha is gá chun an spriocdháta a leagadh síos a chomhlíonadh a bhunú.

Tugtar in Iarscríbhinn VI(4) a ghabhann leis an Rialachán mionsonraí faoin méid a bheidh sa choincheap ar a laghad. Seo a leanas na mionsonraí ina leith sin:

a. na geallsealbhóirí lena mbaineann agus a bhfuil teagmháil déanta leo;

b. na bearta a beartaíodh, lena n-áirítear láithreacha ginearálta atá beartaithe agus dátaí cruinnithe tiomnaithe;

c. an amlíne;

d. na hacmhainní daonna atá leithdháilte ar chúraimí éagsúla.

Tarraingíonn an tÚdarás Inniúil Náisiúnta aird na dtionscnóirí tionscadail ar cheanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus ar an gceart bunúsach chun príobháideachta atá ag saoránaigh i ndáil le haon ábhar a fhoilsítear i gcoincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí. Tríd is tríd, tá sé beartaithe ag an Údarás Inniúil Náisiúnta, i gcás ina ndearna sé coincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí a mhodhnú nó a fhormheas do thionscadal sonrach, ceanglas a chur ar an tionscnóir tionscadail an coincheap modhnaithe nó formheasta maidir le rannpháirtíocht phoiblí a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an tionscadail mar mhodh eile chun trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí a fheabhsú.

I gcás ina mbeidh sé beartaithe ag an tionscnóir tionscadail athruithe suntasacha a dhéanamh ar choincheap formheasta maidir le rannpháirtíocht phoiblí, cuirfidh sé an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) ar an eolas faoi sin. I gcásanna den sórt sin, féadfaimid a iarraidh go ndéanfaí modhnuithe ar an gcoincheap.

## 3.8 Suíomh Gréasáin an Tionscadail agus Rannpháirtíocht Phoiblí

### Ní mór don tionscnóir tionscadail suíomh Gréasáin tiomnaithe a bhunú don tionscadal agus é a nuashonrú go tráthrialta, áit a dtabharfar faisnéis ábhartha faoin tionscadal.

Ní gá go mbeadh san fhaisnéis aon fhaisnéis a mheastar a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de. Ní mór an suíomh Gréasáin a bheith nasctha le suíomh Gréasáin an Choimisiúin Fuinnimh agus leis an ardán trédhearcachta. Ní mór don suíomh Gréasáin an ceanglas atá sonraithe i bpointe (6) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán a chomhlíonadh.

Seo a leanas an fhaisnéis atá le foilsiú:

a. an dáta a nuashonraíodh suíomh Gréasáin an tionscadail an uair dheireanach;

b. aistriúcháin ar a inneachar i dteangacha uile na mBallstát lena mbaineann an tionscadal nó a bhfuil tionchar suntasach trasteorann ag an tionscadal orthu;

c. an bhileog faisnéise arna nuashonrú leis na sonraí is déanaí faoin tionscadal;

d. achoimre neamhtheicniúil a nuashonraítear go tráthrialta ina léirítear stádas reatha an tionscadail, lena n-áirítear faisnéis gheografach, agus ina gcuirtear in iúl go soiléir, i gcás nuashonruithe, athruithe ar leaganacha roimhe sin;

e. an plean cur chun feidhme arna nuashonrú leis na sonraí is déanaí faoin tionscadal;

f. na cistí arna leithdháileadh agus arna n-eisíoc ag an Aontas Eorpach le haghaidh an tionscadail;

g. pleanáil an tionscadail agus an chomhairliúcháin phoiblí, ag léiriú go soiléir dátaí agus láithreacha do chomhairliúcháin phoiblí agus na hábhair ar dócha go bhfuil baint acu leis na héisteachtaí sin;

h. mionsonraí teagmhála d'fhonn faisnéis nó doiciméid bhreise a fháil;

i. mionsonraí teagmhála d'fhonn barúlacha agus agóidí a chur in iúl le linn na gcomhairliúchán poiblí.

Ba cheart do thionscnóirí tionscadail faisnéis ábhartha a fhoilsiú trí mhodhanna eile freisin, i gcás inarb iomchuí.

## 3.9 Rannpháirtíocht Phoiblí

Mar Údarás Inniúil Náisiúnta faoin Scéim Chomhoibríoch, is é an príomhról atá ag an gCoimisiún Pleanála comhordú a dhéanamh ar na toilithe difriúla ó na húdaráis.

Dá bhrí sin, ag an gcéim reachtúil deonaithe ceadanna sin, is faoi inniúlacht údarás eile i bPoblacht na hÉireann go fóill a thagann rannpháirtíocht phoiblí sna próisis deonaithe toilithe aonair a oibríonn na húdaráis sin.

### 3.9.1 Rannpháirtíocht Phoiblí agus an Coimisiún Pleanála

Tá Treoir maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí i bhForbairt Bonneagair Straitéisigh ar fáil **anseo**.

### 3.9.2 Rannpháirtíocht Phoiblí agus Iarratais Imeall Trá

Is féidir faisnéis a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí i ndáil le hiarratais imeall trá a fháil **anseo**.

### 3.9.3 Rannpháirtíocht Phoiblí agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is féidir faisnéis a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí reachtúil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil sa phróiseas ceadúnúcháin agus ceadúcháin a fháil **anseo**.

# 4. An Próiseas Deonaithe Ceadanna

Tá dhá nós imeachta i gceist leis an bpróiseas deonaithe ceadanna: (a) an nós imeachta réamhiarratais, agus (b) an nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna.

Cuirfidh an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) san áireamh sa phróiseas deonaithe ceadanna aon staidéir bhailí a rinneadh agus aon cheadanna nó údaruithe a eisíodh le haghaidh tionscadal ar leith ar liosta an Aontais sular tháinig an tionscadal isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna, agus ní bheidh aon staidéir dhúblacha, aon cheadanna dúblacha ná aon údaruithe dúblacha ag teastáil.

## 4.1 Fógra faoin Tionscadal

Chun tús an phróisis deonaithe ceadanna a bhunú, ní mór don tionscnóir tionscadail fógra a thabhairt d'Údarás Inniúil Náisiúnta gach Ballstáit faoin tionscadal.

Ba cheart don tionscnóir tionscadail fógra a thabhairt dúinn trí ríomhphost a sheoladh chugainn nó trí litir a sheoladh chuig ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath. Ba cheart achoimre réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal a bheith ar áireamh san fhógra. Mar Údarás Inniúil Náisiúnta, níor thugamar aon fhoirm iarratais fhoirmiúil isteach don fhógra scríofa sin. Le linn na tréimhse trí mhí a bheidh ar fáil chun an fógra a admháil agus chun diúltú dó, déanfaimid teagmháil leis na húdaráis uile eile lena mbaineann chun a fháil amach an measann siad go bhfuil an tionscadal aibí go leor chun dul isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna. Beidh sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfadh an tionscnóir tionscadail mionsonraí faoi na ceadanna agus na húdaruithe is gá ag an gcéim seo. Is féidir go dtiocfaidh moilleanna ar an bpróiseas i gcás nach mbeidh aon cheadúnas ná aon údarú is gá sainaitheanta. Tabhair faoi deara nach gcuirtear an tréimhse trí mhí sin san áireamh sa tréimhse tháscach dhá bhliain don nós imeachta réamhiarratais. Is é atá i gceist, sa chleachtas, lena bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil tionscadal "aibí" ná a bhreithniú cé acu is dócha nó nach dócha go mbeidh an tionscadal sách forbartha chun gur féidir iarratas a dhéanamh ar na ceadanna nó na húdaruithe is gá le haghaidh an tionscadal a thógáil laistigh de bhliain amháin nó dhó ón bhfógra scríofa.

Tugaimidne, mar Údarás Inniúil Náisiúnta, spreagadh do thionscnóirí tionscadail teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis uile lena mbaineann sula dtabharfaidh siad fógra foirmiúil dúinn faoin tionscadal. Molaimid don tionscnóir tionscadail na nithe seo a leanas a dhéanamh sula ndéanfaidh sé teagmháil linn:

- Tús a chur leis na próisis réamhiarratais uile is gá i gcomhar leis na húdaráis eile lena mbaineann.
- Teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha uile (agus mionsonraí teagmhála na n-údarás sin a sholáthar agus fógra á thabhairt dúinn).
- Na húdaráis uile lena mbaineann a chur ar an eolas faoin tionscadal.
- Dóthain pleananna agus doiciméadachta a sholáthar do na húdaráis chun tuairisc a thabhairt ar chineál agus méid an tionscadail.
- Na húdaráis lena mbaineann a chur ar an eolas i gcoitinne faoi na hamscálaí féideartha, lena n-áirítear an fógra atá le tabhairt dúinn faoin tionscadal.

Moltar freisin go gcuirfí an pobal ar an eolas faoin tionscadal a luaithe is féidir, lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann roghanna eile a bhreithniú. Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas go ndéanfar comhairliúchán poiblí amháin ar a laghad sula dtíolacfaidh sé an t-iarratas críochnaitheach agus iomlán. Leis an gcomhairliúchán poiblí sin, cuirfear na geallsealbhóirí ar an eolas faoin tionscadal ag céim luath agus cuideofar leis an suíomh, an treo nó an teicneolaíocht is oiriúnaí a shainaithint, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, i bhfianaise breithnithe leordhóthanacha maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide le haghaidh an tionscadail, leis na tionchair uile atá ábhartha faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta a shainaithint, agus leis na saincheisteanna ábhartha a shainaithint a dtabharfar aghaidh orthu sa chomhad iarratais. Leis an gcomhairliúchán poiblí, comhlíonfar na híoscheanglais a leagtar amach i bpointe (5) d'Iarscríbhinn VI. Gan dochar do na rialacha nós imeachta agus trédhearcachta atá i bhfeidhm sna Ballstáit, foilseoidh an tionscnóir tionscadail tuarascáil ar an suíomh Gréasáin tiomnaithe ina míneofar conas a cuireadh san áireamh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phoiblí trí léiriú a thabhairt ar na leasuithe a rinneadh ar shuíomh, treo agus dearadh an tionscadail nó trí na cúiseanna a thabhairt nár cuireadh tuairimí den sórt sin san áireamh.

Ullmhóidh an tionscnóir tionscadail tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail roimh thíolacadh an chomhaid iarratais, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a rinneadh sular cuireadh tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna. Cuirfidh an tionscnóir tionscadail na tuarascálacha faoi bhráid an údaráis inniúil náisiúnta in éineacht leis an gcomhad iarratais. Tabharfar aird chuí ar thorthaí na dtuarascálacha sin agus an cinneadh cuimsitheach á dhéanamh.

Ba cheart breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas a dhéanamh ina leith sin:

- Fógraí a fhoilsiú i nuachtáin áitiúla, agus nasc á sholáthar chuig suíomh Gréasáin an tionscadail, beag beann ar cé chomh neamhiomlán agus atá an fhaisnéis atá ar fáil.
- Dul i dteagmháil le comhairleoirí contae áitiúla agus le hionadaithe Dála.
- Dul i dteagmháil le haon chumann cónaitheoirí áitiúil.
- Dul i dteagmháil le haon Chomhlachas Tráchtála áitiúil.

Tar éis dúinn fógra faoin tionscadal a fháil ó na tionscnóirí tionscadail, beidh trí mhí againn chun an fógra a admháil nó chun diúltú dó (thar ceann na n-údarás lena mbaineann). Mar chuid den fhógra, ceanglófar ar an tionscnóir tionscadail achoimre réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil Náisiúnta. Beidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta ag dréim leis go mionsonróidh an tionscnóir tionscadail cineál agus méid an tionscadail agus go liostóidh sé na ceadanna agus na húdaruithe uile ar leith atá, i dtuairim an tionscnóra tionscadail, ag teastáil chun gur féidir an cinneadh cuimsitheach a eisiúint.

Is é is achoimre réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal ann ná achoimre ina dtugtar dóthain mionsonraí chun na húdaráis uile a bhfuil a dtoiliú ag teastáil a chur ar an eolas faoi chineál agus méid an tionscadail, ag féachaint do na freagrachtaí reachtúla atá orthu. Mar thoradh ar na mionsonraí a thabharfar, ba cheart do na húdaráis a bheith in ann raon feidhme an tionscadail a thuiscint agus a bheith deimhin de i gcoitinne go dtuigeann an tionscnóir tionscadail na breithnithe, na saincheisteanna, na srianta, an rannpháirtíocht phoiblí, agus na tuarascálacha teicniúla agus timpeallachta uile is gá, mar aon le leibhéal mionsonraithe na bpleananna agus na líníochtaí agus na sonraíochtaí teicniúla atá le taisceadh.

Ní gá gurbh iomlán a bheadh aon tuarascáil, aon phlean nó aon sonraíocht den sórt sin a ghabhann leis an bhfógra ag an gcéim seo den phróiseas. Mar sin féin, ní mór leibhéal an mhionsonraithe a bheith dóthanach chun a dhearbhú d’údarás ábhartha go bhfuil tuiscint iomlán ag an tionscnóir tionscadail ar an gcastacht agus ar na mionsonraí is gá. I gcás nach iomlán atá aon mhionsonraí den sórt sin a sholáthraítear, ba cheart amscála lena gcríochnú a thabhairt agus ba cheart an t-amscála sin a bheith nasctha le hamscála le haghaidh aon iarratas a chur faoi bhráid an údaráis ábhartha. Tá faisnéis faoin doiciméadacht is gá chun dul i mbun plé réamhiarratais leis an gCoimisiún Pleanála (an Rannán um Bonneagar Straitéiseach), leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Ceadúnas Imeall Trá), leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar fáil ar a suíomhanna Gréasáin.

Tosóidh an próiseas deonaithe ceadanna ar an dáta a shíneoidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta admháil an fhógra. Soláthraítear leis an Rialachán tréimhse trí mhí don chéim fógra sin. Beidh tionscnóirí tionscadail ar an eolas gurb amhlaidh, faoin Scéim Chomhoibríoch, is ról comhordúcháin é ról an Údaráis Inniúil Náisiúnta. Dá réir sin, más rud é go gcuirfidh aon údarás lena mbaineann in iúl dúinn nach measann sé, ag féachaint dá réimse inniúlachta, go bhfuil an tionscadal sách aibí chun dul isteach sa phróiseas, diúltóimidne, mar Údarás Inniúil Náisiúnta, don fhógra. Tarlóidh sé sin fiú amháin i gcás ina gcuirfidh aon údarás eile lena mbaineann (nó gach údarás eile lena mbaineann) in iúl dúinn go measann sé nó siad go bhfuil an tionscadal sách aibí chun dul isteach sa phróiseas. Agus an beart sin á dhéanamh

againn, ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas nach bhfuil againne, mar Údarás Inniúil Náisiúnta faoin Scéim Chomhoibríoch, aon údarás chun rialú in aghaidh aon údarás lena mbaineann i ndáil lena réimse saineolais féin. Aon uair a dhiúltóimid d'fhógra, déanfaimid amhlaidh i scríbhinn, lena n-áireofar thar ceann na n-údarás eile lena mbaineann, agus tabharfaimid cúis nó cúiseanna leis an diúltú.

I gcás nach mbeidh aon mheasúnacht timpeallachta ag teastáil do thionscadal, féadfaimid a chinneadh nach bhfuil an nós imeachta réamhiarratais ag teastáil. Nuair a bheidh tionscnóir tionscadail ag tabhairt fógra dúinn faoi thionscadal, is fiú dó a chur in iúl cé acu a mheasann nó nach measann sé go dtagann a thionscadal faoin gcatagóir sin.

Is é an dáta a shíneoimid admháil an fhógra a mharcálfaidh tús an phróisis deonaithe ceadanna. I gcás ina mbeidh baint ag dhá Bhallstát nó níos mó, is é an dáta a ghlacfar leis an bhfógra deiridh a mharcálfaidh tús an phróisis.




**Fíor 1. Fógra faoin Tionscadal**

## 4.2 An Nós Imeachta Réamhiarratais

### Cumhdaítear leis an nós imeachta réamhiarratais an tréimhse idir tús an phróisis deonaithe ceadanna agus an tráth a ghlacfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta leis an gcomhad iarratais arna thíolacadh.

Tá an tréimhse sin le seoladh laistigh de thréimhse tháscach dhá bhliain. Is amhlaidh a fhoráiltear le hAirteagal 10.2 don tréimhse ama a fhadú. Ní rachaidh aon fhadú ar chomhfhad an dá nós imeachta (an nós imeachta réamhiarratais agus an nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna) thar thréimhse naoi mí, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

Tráth nach déanaí ná sé mhí ó fhógra a thabhairt faoin tionscadal, cinnfidh an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta), i ndlúthchomhar leis na húdaráis lena mbaineann, raon feidhme na dtuarascálacha agus na ndoiciméad agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le tíolacadh. Is ar bhonn an tseicliosta atá tugtha sa Lámhleabhar seo a dhéanfar an cinneadh sin. Measaimid é a bheith iomchuí de ghnáth go dtosóidh an chéim sin den phróiseas ar bhonn togra ón tionscnóir tionscadail.

Tarraingeoidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta sceideal mionsonraithe suas don phróiseas deonaithe ceadanna freisin i ndlúthchomhar leis an tionscnóir tionscadail agus leis na húdaráis lena mbaineann. Tabharfar aird sa sceideal sin ar thorthaí raon feidhme na dtuarascálacha agus na ndoiciméad agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise a chinnfear a bheith le tíolacadh mar chuid den chomhad iarratais.

Ar an dréachtchomhad iarratais a fháil, iarrfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta, thar ceann na n-údarás lena mbaineann, ar an tionscnóir tionscadail aon fhaisnéis atá ar iarraidh a thíolacadh. Laistigh de thrí mhí ón bhfaisnéis atá ar iarraidh a thíolacadh, glacfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta leis an iarratas trí ardán digiteach lena scrúdú. Marcálfaidh sé sin tús an nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna. Ní dhéanfar aon iarraidh ar fhaisnéis bhreise ach amháin i gcás ina dtabharfaidh imthosca nua údar cuí leis sin.

Áiritheoidh an tionscnóir tionscadail go bhfuil an comhad iarratais iomlán agus iarrfaidh sé tuairim uainn ar an ábhar a luaithe is féidir le linn an phróisis deonaithe ceadanna.

Maidir leis na tuarascálacha timpeallachta uile, lena n-áirítear an doiciméadacht maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide atá le hullmhú ag an tionscnóir tionscadail, ba cheart iad a ullmhú sa chéim réamhiarratais.

Mar Údarás Inniúil Náisiúnta, táimid sásta bualadh le haon tionscnóir tionscadail chun aon ghné den phróiseas deonaithe ceadanna a phlé agus a shoiléiriú le linn chéim an nós imeachta réamhiarratais. Is iad baill foirne riaracháin a dhéanfaidh ionadaíocht don Údarás Inniúil Náisiúnta ag cruinnithe de ghnáth. Ní fhreastalóidh aon chomhaltaí Boird ar na cruinnithe sin. Chun amhras a sheachaint, ba cheart a thuiscint nach bpléifear fiúntais ná easnaimh aon tionscadail ag na cruinnithe sin. Déanfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta taifead den chruinniú agus, nuair a bheidh an próiseas deonaithe ceadanna críochnaithe, cuirfear taifid de na cruinnithe uile ar fáil don phobal trí iad a chur ar ár suíomh Gréasáin.

Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas freisin go gcuirfimid an doiciméadacht ar fad a gheofar mar chuid den phróiseas ar fáil don phobal ag deireadh an phróisis. Áireofar iad seo a leanas leis an doiciméadacht sin:

- An fógra ón tionscnóir tionscadail.
- Admháil an fhógra.
- Taifid de na cruinnithe uile.
- Gach tuarascáil inmheánach ón Údarás Inniúil Náisiúnta.
- An Coincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí.
- Tuarascálacha a fuarthas ó aon údarás lena mbaineann.
- An Dréachtchomhad Iarratais.
- Iarrataí ar Fhaisnéis atá ar Iarraidh, agus freagraí ar na hiarrataí sin.

### 4.2.1 An Fhaisnéis is Gá

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, faoi Airteagal 10.6 den Rialachán, a fhéadfar raon feidhme an ábhair agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise a shainaithint ar bhonn togra ón tionscnóir tionscadail. Mar Údarás Inniúil Náisiúnta, rachaimid ar aghaidh de ghnáth trí thogra den sórt sin a iarraidh. Tríd is tríd, is faoi úinéireacht an tionscnóra tionscadail a bheidh an tionscadal, agus beidh saineolas ag an tionscnóir tionscadail ar mhionsonraí an tionscadail. Dá bhrí sin, beidh an tionscnóir tionscadail sa riocht is fearr chun a bheith ar an eolas faoi cén fhaisnéis mhionsonraithe is gá do na húdaráis uile lena mbaineann. Ba cheart don tionscnóir tionscadail togra a thíolacadh, mar sin. Is féidir leis déanamh amhlaidh tríd an doiciméadacht a thíolacadh (cé nach gá go mbeadh sí iomlán) nó trí sceideal a thíolacadh de na doiciméid a bhfuil sé beartaithe iad a thíolacadh in éineacht leis na hiarratais ábhartha ar thoiliú. Is éard ba cheart a bheith in aon sceideal doiciméad ar a laghad ná clár ábhair de thuarascálacha teicniúla éagsúla (i gcás inarb infheidhme), lena n-áirítear, mar shampla, Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura. Ba cheart aon phleananna nó aon líníochtaí is gá chun láithreán, raon feidhme agus méid an tionscadail a shainaithint a bheith sách beacht chun go mbeidh na húdaráis ábhartha in ann comhthéacs an láithreáin a scrúdú i ndáil lena leagan amach agus lena ghaol le láithreáin chóngaracha, le láithreáin in aice láimhe nó le láithreáin ábhartha eile.

I gcás ina mbeidh tionscadal líneach i gceist, ba cheart an bealach a bheith léirithe chomh dlúth agus is féidir agus aon athrú féideartha a bheith sainaitheanta, lena n-áirítear aon limistéir choimhdeacha sheirbhíse nó rochtana.

I gcás nach mbeidh aon talamh faoi úinéireacht ná faoi rialú an tionscnóra tionscadail, ba cheart mionsonraí a thabhairt faoi na leasanna dlíthiúla atá beartaithe, gan aon ghá leis na húinéirí láithreacha a ainmniú ná a shainaithint chun leas dóthanach a bhunú, chun iarratas a dhéanamh faoi na próisis toilithe reachtacha dhifriúla is gá. Níor cheart aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de ná aon fhaisnéis phearsanta a thíolacadh ach amháin le toiliú sainráite na ndaoine lena mbaineann.

### 4.2.2 Sceideal Mionsonraithe don Phróiseas Deonaithe Ceadanna

Tarraingeoidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta sceideal mionsonraithe suas don phróiseas deonaithe ceadanna. Tarraingeofar an sceideal suas i ndlúthchomhar leis an tionscnóir tionscadail agus le húdaráis eile lena mbaineann. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh sé riachtanach aon phróisis achomhairc atá i nósanna imeachta deonaithe toilithe na n-údarás difriúil a chur ar áireamh. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, mar shampla, ná aon achomharc i gcoinne cinneadh arna dhéanamh ag Údarás Rialaithe Foirgníochta is incheadaithe faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

Ní bheadh agóidí dlíthiúla i gceist leis, áfach. Leagtar amach in Iarscríbhinn VI(2) a ghabhann leis an Rialachán na treoirlínte don sceideal. Agus iad ar na cinn íosta a cheanglaítear, is iad seo a leanas na Treoirlínte sin:

a. na cinntí agus na tuairimí atá le fáil;

b. na húdaráis, na geallsealbhóirí agus an pobal ar dócha go mbeidh baint acu leis;

c. na céimeanna aonair den nós imeachta agus an fad tréimhse a bhaineann leo;

d. garspriocanna móra atá le baint amach agus na spriocdhátaí a bhaineann leo i bhfianaise an chinnidh chuimsithigh atá le déanamh;

e. na hacmhainní atá pleanáilte ag na húdaráis agus riachtanais acmhainní breise a d'fhéadfadh a bheith ann.

Is féidir go mbuailfimid leis an tionscnóir tionscadail i ndáil leis an Sceideal.

### 4.2.3 Seicliosta

Seo a leanas seicliosta de na doiciméid is gá a thíolacadh de ghnáth mar chuid den chomhad iarratais don chinneadh cuimsitheach.

- Sceideal na gceadanna/na n-údaruithe is gá chun an bonneagar fuinnimh a thógáil trína bheith ábalta tús a chur leis na hoibreacha tógála is gá nó iad a sholáthar agus tús a chur leo (céim 'réidh le tógáil').
- Ráiteas ina ndeimhnítear gur chuir an tionscnóir tionscadail mionsonraí na gceadanna/na n-údaruithe uile is gá ar áireamh.
- Mionsonraí teagmhála do gach ceann de na húdaráis lena mbaineann.
- Doiciméad ina mionsonraítear an fhaisnéis ar fad agus na pleananna agus na sonraí uile is gá do gach iarratas ar leith ar thoiliú is gá don chinneadh cuimsitheach. Ba cheart mionsonraí na measúnachtaí timpeallachta a bheith ar áireamh sa doiciméad sin.
- Mionsonraí aon doiciméad, amhail tuarascálacha nó suirbhéanna, atá neamhiomlán, mar aon le hamlíne mheasta lena gcríochnú.
- Sceideal de na dátaí beartaithe le haghaidh na hiarratais ábhartha uile ar na ceadanna/na húdaruithe lena mbaineann a thaisceadh.
- Mionsonraí teagmhála don tionscnóir tionscadail.
- Seoladh shuíomh Gréasáin tiomnaithe an tionscadail.

## 4.2.4 An Dréachtchomhad Iarratais

Ba cheart na dréacht-iarratais uile a chuirfear faoi bhráid na n-údarás lena mbaineann a bheith sa dréachtchomhad iarratais a chuirfear faoi bhráid an Údaráis Inniúil Náisiúnta. Ba cheart na dréacht-iarratais sin a bheith chomh hiomlán agus is féidir. Ba cheart aon easnaimh nó aon tuarascálacha, suirbhéanna nó measúnachtaí neamhchríochnaithe a bheith sainaitheanta i litir chumhdaigh agus i gcorp na tuarascála, an tsuirbhé nó na measúnachta chun scrúdú a éascú. Ba cheart aon táille nó aon éarlais is gá a thaisceadh in éineacht le haon cheann de na hiarratais a bheith luaite freisin chun críocha scrúdaithe. Níor cheart an táille ná an éarlais féin a chur ar áireamh, áfach. Tá na táillí sin iníoctha go díreach leis na húdaráis lena mbaineann. I gcás an phróisis deonaithe ceadanna, níl aon táille iníoctha leis an Údarás Inniúil Náisiúnta i leith aon tionscadal atá ar liosta an Aontais.

Ba cheart an dréachtchomhad iarratais a thíolacadh i bhformáid leictreonach. Cuirfear an tionscnóir tionscadail ar an eolas faoin líon beacht cóipeanna leictreonacha is gá de réir an cháis, ag brath ar an líon údarás eile lena mbaineann. Ba cheart é a bheith lipéadaithe/léirithe go soiléir sa dréachtchomhad iarratais freisin cé na codanna atá ábhartha do gach údarás ar leith. Is féidir go mbeidh roinnt cineálacha doiciméadachta – Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, mar shampla – coiteann do roinnt údarás éagsúil, agus ba cheart iad sin a bheith sainaitheanta. Ba cheart ainm teagmhála le haghaidh tuilleadh cóipeanna (i gcás inar gá) a bheith tugtha sa litir chumhdaigh.

Tar éis dó an doiciméadacht a fháil, scaipfidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta cóip leictreonach den dréachtchomhad iarratais ar fad ar gach ceann de na húdaráis eile lena mbaineann. Tabhair faoi deara nach ndéanfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta féin aon scrúdú ná aon mheasúnú ar an dréachtchomhad iarratais. Ní sheiceálfaimid ach oiread an bhfuil an doiciméadacht luaite ar fad ar áireamh ann. Is iad na húdaráis lena mbaineann a dhéanfaidh an méid sin, ag féachaint do na freagrachtaí reachtúla atá orthu.

Is faoi gach údarás lena mbaineann a bheidh sé scrúdú a dhéanamh ar an doiciméadacht atá faighte agus freagra a thabhairt don Údarás Inniúil Náisiúnta agus a chur in iúl dó cé acu atá nó nach bhfuil aon fhaisnéis ar iarraidh. Ba cheart faisnéis atá ar iarraidh sa chomhthéacs sin a thuiscint trí thagairt d’Airteagal 10.6(c) den Rialachán.

I gcás nach mbeidh aon fhaisnéis ar iarraidh, cuirfidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta é sin in iúl don tionscnóir tionscadail, agus luafaidh sé go bhfuiltear ag glacadh leis an dréachtchomhad iarratais le héifeacht ó dháta na litreach arna heisiúint againn. Tabharfaidh sé sin an nós imeachta réamhiarratais chun críche.

I gcás ina sainaithneofar faisnéis atá ar iarraidh, is faoin tionscnóir tionscadail a bheidh sé aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna arna dtarraingt anuas agus an fhaisnéis atá ar iarraidh a sholáthar. Ní chuirfimid aon teorainn ama air sin. Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas, áfach, faoi na teorainneacha ama foriomlána atá i gceist agus a bheith ar an eolas gur féidir go mbeidh ar an Údarás Inniúil Náisiúnta na forálacha d'Airteagal 10.2 den Rialachán a agairt agus an teorainn ama a fhadú. Is de réir an cháis a dhéanfar measúnacht ar aon fhadú ama.

Nuair a bheidh an fhaisnéis atá ar iarraidh soláthartha ag an tionscnóir tionscadail, scaipfear an fhaisnéis sin ar na húdaráis eile lena mbaineann lena measúnú acu. Is féidir nach bhfaighidh roinnt de na húdaráis lena mbaineann ach cóip den fhaisnéis mar eolas. Agus an fhaisnéis atá ar iarraidh á soláthar, ba cheart cloí leis an bhformáid chéanna a úsáideadh chun an dréachtchomhad iarratais a thíolacadh ar dtús.

Ar mhaithe le soiléire, i gcás ina mbeidh Faisnéis ar Iarraidh agus ina soláthrófar an fhaisnéis ina dhiaidh sin, iarrfar ar an tionscnóir tionscadail cóip amháin den doiciméadacht ar fad a thíolacadh ina mbeidh an doiciméadacht a tíolacadh mar chuid den dréachtchomhad iarratais bunaidh agus an fhaisnéis atá ar iarraidh. Admhófar an chóip sin mar an comhad iarratais.

Ós rud é gur féidir go mbeidh tamall ama dulta thart ó tíolacadh an dréachtchomhad iarratais bunaidh, féadfar glacadh le haon athruithe nó aon leasuithe nach bhfuil ábhartha más rud é go mbeidh litir chumhdaigh ina mionsonrófar na hathruithe ag gabháil leo.

Glactar leis gur féidir go mbeidh in iarratais a dhéanfar ina dhiaidh sin chuig na húdaráis ábhartha faisnéis nuashonraithe nó tuarascálacha, suirbhéanna agus measúnachtaí críochnaithe a sainaithníodh roimhe sin.

Is ar áireamh sa Lámhleabhar seo atá na sreafaí oibre don fhógra faoin tionscadal, don nós imeachta réamhiarratais agus don nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna.




## Fíor 2. An Nós Imeachta Réamhiarratais

**Nótaí:**

1. Áirítear leis an bhfógra achoimre réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal.
2. Gníomhaíonn an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) thar ceann na n-údarás eile lena mbaineann. Teorainn ama trí mhí.
3. Gníomhaíonn an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn togra ón tionscnóir tionscadail. Teorainn ama sé mhí.
4. Gníomhaíonn an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) i ndlúthchomhar leis an tionscnóir tionscadail agus leis na húdaráis eile lena mbaineann.
5. Tíolacann an Tionscnóir Tionscadail tuarascálacha faoi Airteagal 9.4 in éineacht leis an gcomhad iarratais. Áirítear leis an nós imeachta sin aon tuarascálacha timpeallachta atá le hullmhú ag an tionscnóir tionscadail.

Tíolactar coincheap maidir le rannpháirtíocht phoiblí laistigh de thréimhse ama tháscach trí mhí ó thús an phróisis deonaithe ceadanna.

Tá comhairliúchán poiblí le déanamh sula dtíolacfar aon chomhad iarratais:

féach Iarscríbhinn VI(5) a ghabhann le Rialachán 2022/869 chun na ceanglais íosta a fháil.

## 4.3 An Nós Imeachta Reachtúil Deonaithe Ceadanna agus an Comhad Iarratais

Glacfar leis an gcomhad iarratais lena scrúdú i bhfoirm scríofa nó trí é a uaslódáil isteach ar ardán digiteach. Cé go leagfaimid amach an bealach roghnaithe le haghaidh gach comhad iarratais tionscadail, tabharfaimid tosaíocht d'ardán digiteach a úsáid.

Cumhdaítear leis an nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna an tréimhse idir an dáta a ghlacfar leis an gcomhad iarratais arna thíolacadh agus an tráth a dhéanfar an cinneadh cuimsitheach. Foráiltear le hAirteagal 10.1(b) den Rialachán nach rachaidh an tréimhse thar 18 mí. Cé nár cheart do chomhfhad an dá nós imeachta dul thar thréimhse 42 mhí, foráiltear mar a leanas leis an Rialachán: i gcás ina measfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta nach mbeidh ceann amháin de na nósanna imeachta nó an dá cheann acu (an nós imeachta réamhiarratais agus an nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna) curtha i gcrích laistigh de na teorainneacha ama a leagadh síos, féadfaidh sé, sula rachaidh siad in éag agus de réir an cháis, a chinneadh ceann amháin de na teorainneacha ama sin nó an dá cheann acu a fhadú go ceann naoi mí ar a mhéad i leith chomhfhad an dá nós imeachta.

Déanfaidh gach údarás ar leith lena mbaineann breithniú ar na hiarratais ar thoiliú sin is gá do thionscadal a bhaineann lena fheidhmeanna reachtúla féin. Maidir le haon údarás atá freagrach as toiliú a eisiúint is gá mar chuid den chinneadh cuimsitheach, i gcás ina ndiúltóidh údarás den sórt sin toiliú a fhormheas, ní eiseofar an cinneadh cuimsitheach.

Agus aon iarratas arna dhéanamh á mheasúnú acu, beidh dlínse iomlán ag na húdaráis agus beidh aird iomlán acu ar gach ábhar agus oibleagáid a bhaineann le pleanáil, leis an timpeallacht agus le sláinte agus sábháilteacht an duine agus ar gach ábhar agus oibleagáid ábhartha eile a bheadh ina gcuid de ghnáth dá bhfreagracht reachtúil agus dá measúnú ar thionscadail. Áireofar leis sin ábhair agus oibleagáidí a eascraíonn as na forálacha den Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta, den Treoir um Ghnáthóga (agus den Treoir um Éin), agus den Chreat-treoir Uisce. Beidh aird ag an Údarás Inniúil Náisiúnta ar na forálacha den Rialachán freisin, agus déanfaidh sé dianiarracht, i gcás inar féidir, socrú a dhéanamh do nósanna imeachta comhpháirteacha i gcomhar le Ballstáit eile i ndáil leis an measúnacht ar thionchair thimpeallachta. Tarraingítear aird tionscnóirí tionscadail ar an treoirdhoiciméad dar teideal

"Nósanna imeachta measúnachta timpeallachta a chuíchóiriú do Thionscadail Leasa Choitinn a bhaineann le bonneagar fuinnimh", arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach – An Comhshaol agus Fuinneamh.

Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas gurb amhlaidh, a luaithe a thosóidh an nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna, is é an príomhról a bheidh ag an Údarás Inniúil Náisiúnta ná faireachán a dhéanamh ar amlínte. Déanfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta idirchaidreamh leis na húdaráis ábhartha chun an t-eolas is deireanaí

ar dhul chun cinn a iarraidh agus chun a shuí cé acu is dócha nó nach dócha go gcomhlíonfar spriocdhátaí. Chun an próiseas sin a éascú, iarrfar ar thionscnóirí tionscadail an tÚdarás Inniúil Náisiúnta a choinneáil ar an eolas faoi aon athruithe nó aon mhoilleanna ar an tionscadal ionas go n-éireoidh leis an bhfaireachán.

Is ceangailte leis seo atá sreabhchairt don nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna.




## Fíor 3. An Nós Imeachta Reachtúil Deonaithe Ceadanna

### Nótaí:

1. Gníomhaíonn an Coimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) thar ceann na n-údarás eile lena mbaineann. Tá tuarascálacha arna n-ullmhú ag an tionscnóir tionscadail le tíolacadh in éineacht leis an gcomhad iarratais, ar tuarascálacha iad ina míneofar conas a cuireadh san áireamh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phoiblí agus ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí.

2. Tugtar aird chuí ar thorthaí na dtuarascálacha a tíolacadh faoi bhun Airteagal 9.4 agus an cinneadh cuimsitheach á dhéanamh.

## 4.4 Comhéadan Bonneagair Straitéisigh an Choimisiúin Pleanála

I gcás ina mbeidh tionscadal atá ar liosta an Aontais ina chineál forbartha atá sonraithe sa Seachtú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, nó ina fhorbairt a thagann faoi raon feidhme alt 182A nó alt 182C den Acht freisin, ní mór don tionscnóir tionscadail dul i mbun comhairliúcháin réamhiarratais ar leith leis an gCoimisiún Pleanála chun a fháil amach an meastar gur bonneagar straitéiseach í an fhorbairt bheartaithe.

Is ar leithligh ó chéile a reáchtálfar nós imeachta réamhiarratais an Rialacháin agus na comhairliúcháin réamhiarratais maidir le forbairt bonneagair straitéisigh. Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas go gceanglaítear leis an bpróiseas forbartha bonneagair straitéisigh go gcoinneofaí taifead de chruinnithe agus go gcuirfí na taifid sin ar fáil don phobal ag deireadh an phróisis. Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas faoi sin sula leagfaidh siad aon ábhar a mheasann siad a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de os comhair an Choimisiúin Pleanála ag na cruinnithe sin.

Tá na doiciméid phoiblí seo a leanas ábhartha maidir le tuiscint a ghnóthú ar an bpróiseas Forbartha Bonneagair Straitéisigh agus ar rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas sin.

**Bonneagar – Forbairt Bonneagair Straitéisigh (FBS)**
Treoir maidir le Forbairt Bonneagair Straitéisigh | An Coimisiún Pleanála (pleanala.ie)

**Iarratas FBS (An 7ú Sceideal) a Dhéanamh**
FBS faoin 7ú Sceideal: Treoirlínte d'Iarratasóirí | An Coimisiún Pleanála (pleanala.ie)

Táillí: Forbairtí Bonneagair Straitéisigh (FBS) | An Coimisiún Pleanála (pleanala.ie)

Treoirnóta maidir le Sonraí Spáis a Sholáthar faoi Fhorbairtí Bonneagair Straitéisigh (pleanala.ie)

**Údaráis Phleanála**
FBS faoin 7ú Sceideal: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála | An Coimisiún Pleanála (pleanala.ie)

**Iarratasóirí Ionchasacha**
FBS faoin 7ú Sceideal (Iarratasóir): Comhairliúcháin Réamhiarratais (Céim 1) | An Coimisiún Pleanála (pleanala.ie)

Táillí: Forbairtí Bonneagair Straitéisigh (FBS) | An Coimisiún Pleanála (pleanala.ie)

**Údaráis Phleanála**
FBS faoin 7ú Sceideal (Údarás Pleanála): Comhairliúcháin Réamhiarratais - alt 37B | An Coimisiún Pleanála (pleanala.ie)

**Daoine den Phobal**
FBS: Comhairliúcháin réamhiarratais | An Coimisiún Pleanála (pleanala.ie)

Tá tuilleadh faisnéise faoin gCoimisiún Pleanála agus faoi Bhonneagar Straitéiseach ar fáil ar www.pleanala.ie.

## 4.5 An Cinneadh Cuimsitheach

### I gcás ina gceanglófar ar thionscadal cead/formheas a fháil ón gCoimisiún Pleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, eiseoidh an Coimisiún Pleanála ordú sínithe/séalaithe ón mBord. Eiseoidh aon údaráis eile lena mbaineann na cinntí uathu féin freisin.

Is é is cinneadh cuimsitheach ann an cinneadh nó an tsraith cinntí a thugann na húdaráis éagsúla (e.g., an Coimisiún Pleanála, an Coimisiún um Rialáil Fóntais) agus is gá don tionscadal. Foráiltear le hAirteagal 9.4 den Rialachán go dtabharfar sa chinneadh cuimsitheach aird chuí ar thorthaí na dtuarascálacha arna n-ullmhú ag an tionscnóir tionscadail ina míneofar conas a cuireadh san áireamh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phoiblí trí léiriú a thabhairt ar na leasuithe a rinneadh ar shuíomh, treo agus dearadh an tionscadail nó trí na cúiseanna a thabhairt nár cuireadh tuairimí den sórt sin san áireamh agus ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail.

Más rud é go ndiúltóidh aon údarás ábhartha formheas a thabhairt, ní eiseofar an cinneadh cuimsitheach beag beann ar an gcinneadh a rinne údaráis eile cead/formheas a dheonú.

# 5. An Phríomh-Reachtaíocht um Dheonú Ceadanna

## 5.1 Pleanáil Spáis

Is é an bealach is dóichí ina ndéanfar iarratais ar chead pleanála spáis do thionscadail atá ar liosta an Aontais ná go dtaiscfear iarratais phleanála leis an gCoimisiún Pleanála faoi na forálacha a tugadh isteach leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Ceann amháin de na chéad bhearta a dhéanfaidh aon tionscnóir tionscadail is ea dul i dteagmháil leis an gCoimisiún Pleanála (FBS) agus mionsonraí an tionscadail a thabhairt dó chun cinneadh a fháil maidir le cé acu a mheasfar nó nach measfar gur tionscadal bonneagair straitéisigh é an tionscadal. Más rud é go measfar gur tionscadal bonneagair straitéisigh é an tionscadal, ní mór an t-iarratas pleanála a thaisceadh leis an gCoimisiún Pleanála (FBS). Más rud é nach measfar gur tionscadal bonneagair straitéisigh é, ní mór an t-iarratas pleanála a thaisceadh leis an údarás pleanála áitiúil. Is é an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, an bhunchloch do phleanáil spáis in Éirinn. Comhcheanglaítear leis an Acht raon leathan nithe, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- An próiseas le haghaidh iarratas a dhéanamh ar chead pleanála agus é a fháil.
- An Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (agus an tuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta).
- An Mheasúnacht Chuí (agus an ráiteas tionchair Natura).

Rinneadh roinnt athruithe ar an Acht sin ón mbliain 2000 i leith, agus is é an bealach is éasca chun teacht ar na hathruithe sin ná breathnú ar an leagan comhdhlúite neamhoifigiúil a tharraing an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí suas. Is iad na príomhrialacháin lena mbuntacaítear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt ná na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (I.R. Uimh. 600 de 2001). Rinneadh roinnt Rialachán lena leasaítear Rialacháin 2001, agus gairtear na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 go 2023, díobh i dteannta a chéile. Ullmhaíodh leagan comhdhlúite neamhoifigiúil riaracháin (revisedacts.lawreform.ie/revacts/intro) de na Rialacháin sin mar áis tagartha d'úsáideoirí. *Tabhair faoi deara go bhfuil Bille um Pleanáil agus Forbairt á bhreithniú agus é seo á scríobh.*

Ba cheart aird a thabhairt ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a ullmhaíodh faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

## 5.2 Pleanáil Spáis

- Pleanáil Spáis – An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú).
- Ceadúnas faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha – An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú), 2012 (I.R. Uimh. 782 de 2012).
- Ceadúnas Dramhaíola – An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Dramhaíl), 2013 (I.R. Uimh. 505 de 2013).
- Ceadúnas/léas imeall trá – An tAcht Imeall Trágha, 1933, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Imeall Trá), 2009 (I.R. Uimh. 404 de 2009), le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Imeall Trá), 2012 (I.R. Uimh. 433 de 2012), agus le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Imeall Trá), 2014 (I.R. Uimh. 544 de 2012).
- Bonneagar gáis a cheadú; An tAcht Gáis, 1976, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989 (I.R. Uimh. 349 de 1989), le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Gás), 2012 (I.R. Uimh. 403 de 2012), agus le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An tAcht Gáis, 1976) (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 2021 (I.R. Uimh. 174 de 2021).

## 5.3 Measúnacht Chuí

### Is as Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) a eascraíonn na ceanglais a bhaineann le Measúnacht Chuí.

Mar thoradh ar an Treoir um Éin a thabhairt isteach sa bhliain 1979 agus ar an Treoir um Ghnáthóga a thabhairt isteach sa bhliain 1992, bhí oibleagáid ann líonra Natura 2000 de láithreáin a bhfuil an tábhacht bithéagsúlachta is airde leo do ghnáthóga agus speicis atá neamhchoitianta agus atá faoi bhagairt a bhunú ar fud an Aontais Eorpaigh. In Éirinn, cuimsíonn an líonra Natura 2000 de láithreáin Eorpacha Limistéir Chaomhantais Speisialta (lena n-áirítear Limistéir fhéideartha Chaomhantais Speisialta) agus Limistéir Chosanta Speisialta (lena n-áirítear Limistéir bheartaithe Chosanta Speisialta). Roghnaítear Limistéir Chaomhantais Speisialta le haghaidh gnáthóga Iarscríbhinn I (lena n-áirítear cineálacha tosaíochta atá i mbaol dul ó amharc) agus speicis Iarscríbhinn II (seachas éin) a chaomhnú. Roghnaítear Limistéir Chosanta Speisialta le haghaidh éin Iarscríbhinn I agus éin imirceacha eile a fhaightear go rialta agus a gcuid gnáthóg a chaomhnú. Maidir leis na gnáthóga agus na speicis iarscríbhinne dá bhfuil gach láithreán roghnaithe, comhfhreagraíonn siad do leasanna cáilitheacha na láithreán; is ó na leasanna sin a dhíorthaítear cuspóirí caomhantais an láithreáin lena mbaineann.

Leagtar amach sa Treoir um Éin agus sa Treoir um Ghnáthóga nósanna imeachta agus oibleagáidí éagsúla i ndáil le bainistíocht caomhantais dúlra sna Ballstáit i gcoitinne agus i ndáil le láithreáin Natura 2000 agus lena gcuid gnáthóg agus speiceas go háirithe. Sásra tábhachtach cosanta ina leith sin is ea an ceanglas atá ann breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí caomhantais dúlra a d'fhéadfadh a bheith ag aon phlean nó aon tionscadal ar líonra láithreán Natura 2000 sula ndéanfar aon chinneadh ligean don phlean nó don tionscadal sin dul ar aghaidh. Ní mór do gach plean nó do gach tionscadal, agus é á bhreithniú lena fhormheas ag aon chéim, na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige in éineacht le pleananna agus tionscadail eile a chur san áireamh agus é ina ábhar don phróiseas ar a dtugtar Measúnacht Chuí.

Tá na príomhcheanglais reachtacha le fáil i gCuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus in Airteagail 236 go 254 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú). Ba cheart aird a thabhairt freisin ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 go 2015.

## 5.4 Uisce

### Ba trí bhíthin na bpríomh-Rialachán seo a leanas a trasuíodh an Chreat-treoir Uisce isteach i ndlí na hÉireann.

Cumhdaítear leis na Rialacháin seo rialachas, an cruth atá ar chláir shaintréithrithe, faireacháin agus measúnachta stádais faoin gCreat-treoir Uisce a mhéid a bhaineann le freagrachtaí a shannadh as faireachán a dhéanamh ar chatagóirí difriúla uisce, na gnéithe cáilíochta a chinneadh, agus na measúnachtaí saintréithrithe agus aicmithe a dhéanamh.

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce), 2003 (I.R. Uimh. 722 de 2003), arna leasú.
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2014 (I.R. Uimh. 122 de 2014).
- Na Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil na gComhphobal Eorpach (Uisce Dromchla), 2009 (I.R. Uimh. 272 de 2009).
- Na Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil na gComhphobal Eorpach (Screamhuisce), 2010 (I.R. Uimh. 9 de 2010) (arna leasú).
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2010 (I.R. Uimh. 610 de 2010), arna leasú.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sonraíochtaí Teicniúla maidir le hAnailís Cheimiceach agus Faireachán a Dhéanamh ar Stádas Uisce), 2011 (I.R. Uimh. 489 de 2011).
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Beartas Uisce), 2014 (I.R. Uimh. 350 de 2014).
- Is ábhartha freisin atá Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Astaíochtaí Tionsclaíocha), 2013 (I.R. Uimh. 138 de 2013).

Maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta:

- Pleanáil Spáis – An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú).
- Ceadúnas faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha – An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú), 2012 (I.R. Uimh. 782 de 2012).
- Ceadúnas Dramhaíola – An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Dramhaíl), 2013 (I.R. Uimh. 505 de 2013).
- Ceadúnas/léas imeall trá – An tAcht Imeall Trágha, 1933, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Imeall Trá), 2009 (I.R. Uimh. 404 de 2009), le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Imeall Trá), 2012 (I.R. Uimh. 433 de 2012), agus le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Imeall Trá), 2014 (I.R. Uimh. 544 de 2012).
- Bonneagar gáis a cheadú; An tAcht Gáis, 1976, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 1989 (I.R. Uimh. 349 de 1989), agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Gás), 2012 (I.R. Uimh. 403 de 2012).

Tá mionsonraí faoin reachtaíocht pleanála ábhartha d’Éirinn ar fáil **anseo**.

Tá mionsonraí faoin reachtaíocht (ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh) a bhaineann le tionscadail fuinnimh ar fáil **anseo**.

## 5.5 Toiliú Ionaid

Is é is Toiliú Ionaid ann cineál ceada chúlghabhálaigh nach bhfuil leas le baint as ach amháin in imthosca eisceachtúla agus ar ina leith a cheanglaítear ar an bhforbairt measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh agus breith a thabhairt i dtaobh an bhfuil ceanglas ann measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh nó i dtaobh an bhfuil nó an raibh ceanglas ann Measúnacht Chuí a dhéanamh.

## 5.6 Ceadúnais Gháis Nádúrtha

### Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) a cheadúnaíonn gníomhaíochtaí gáis nádúrtha faoi alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002.

Áirítear leis sin córais dáileacháin agus tarchurtha, saoráidí stórála agus saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe. Deonaíonn CRU ceadúnais le haghaidh gás nádúrtha a loingsiú agus a sholáthar freisin.

Amhail dá bhforáiltear in alt 16.1 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), is amhlaidh, ag brath ar an gceadúnas a bheidh á lorg, a fhéadfaidh CRU na téarmaí agus na coinníollacha a shocrú a bheidh le cur le gach ceadúnas. Tríd is tríd, is gá d'iarratasóirí roinnt coinníollacha dlíthiúla, teicniúla, sábháilteachta agus rialála a chomhlíonadh sula n-eiseoidh CRU ceadúnas chucu.

Ní monaplachtaí faoi dhlí na hÉireann iad na feidhmeanna tarchurtha agus dáileacháin gáis. Dá bhrí sin, féadfaidh úinéirí bonneagair gáis iarratas a dhéanamh chuig CRU ar cheadúnas tarchurtha nó dáileacháin. Ba cheart d'iarratasóirí féideartha ar cheadúnas gáis nádúrtha dul i dteagmháil go díreach le CRU chun na ceanglais shonracha don cheadúnas a bheidh á lorg a phlé.

## 5.7 Toilithe Píblíne Gáis

### Luaitear in alt 39A den Acht Gáis, 1976, arna leasú, nach ndéanfaidh aon duine, gan toiliú a fháil ó CRU, píblíne, seachas píblíne uas-srutha, a fhoirgniú ar dhromchla na talún ná aon ghrinnill farraige atá suite i bhfarraigí teorann an Stáit ná os cionn dromchla den sórt sin ná faoina bhun.

Ceanglófar ar aon Tionscadal Leasa Choitinn a mbeidh foirgniú píblíne i gceist leis toiliú píblíne alt 39A a bheith aige. Más rud é go dtrasnóidh aon phíblíne nó aon saoráid ghaolmhar tailte tríú páirtí, féadfaidh CRU ordú um thógáil éigeantach a eisiúint freisin faoi alt 32A den Acht Gáis, arna leasú.

Ina theannta sin, is féidir go mbeidh toiliú limistéir mhuirí nó ceadúnas imeall trá ag teastáil i gcás píblíne gáis a thrasnóidh an t-imeall trá.

## 5.8 Píblínte Gáis (Íos-Srutha)

Tá CRU freagrach as toiliú a eisiúint chun píblíne gáis íos-srutha a fhoirgniú agus a oibriú, faoi alt 39A den Acht Gáis, 1976, arna leasú le halt 12 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, faoi réir critéir áirithe, mar atá leagtha amach in alt 12(3) agus in alt 12(4) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002.

Le halt 40A den Acht Gáis, 1976, arna leasú le halt 12(1) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, agus le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An tAcht Gáis, 1976) (Measúnacht Tionchair Timpeallachta), 2021 (I.R. Uimh. 174 de 2021), foráiltear nach mór tuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta a thíolacadh in éineacht le haon iarratas ar phíblíne íos-srutha a fhoirgniú.

Faoi alt 26(1A) den Acht Gáis, 1976, arna chur isteach le halt 23(1) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, ní mór deimhniú bona fide, arna eisiúint ag CRU, i leith an iarratasóra, a bheith ag gabháil le haon iarratas ar phíblíne gáis íos-srutha a fhoirgniú.

Ina theannta sin, is féidir go mbeidh toiliú limistéir mhuirí nó ceadúnas imeall trá ag teastáil i gcás píblíne gáis a thrasnóidh an t-imeall trá.

## 5.9 Leictreachas a Ghiniúint agus a Tharchur

Ceanglófar ar thionscadail atá i liosta an Aontais agus a bhfuil giniúint leictreachais i gceist leo ceadúnas a bheith acu chun leictreachas a ghiniúint agus údarú a bheith acu chun stáisiún giniúna a fhoirgniú, faoi ailt 14 agus 16 den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999.

Tá doiciméid ábhartha ó CRU maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas chun gineadóir a fhoirgniú agus chun leictreachas a ghiniúint ar fáil **anseo**.

## 5.10 Idirnascaire Leictreachais agus Stáisiúin Ghiniúna

Faoi alt 16(3)(b) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, arna leasú, féadfaidh CRU, faoi réir alt 17, údarú a dheonú nó diúltú údarú a dheonú d'aon duine chun stáisiún giniúna nó idirnascaire a fhoirgniú agus, i gcás ina ndeonóidh CRU údarú den sórt sin, beidh an t-údarú sin faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a shonrófar san údarú.

Ina theannta sin, faoi alt 16A, féadfaidh an Coimisiún, le toiliú an Aire, foirgniú idirnascaire nó idirnascairí a áirithiú ar mhodh amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

a. trí thairiscint iomaíoch;

b. trí údarú arna dheonú do dhuine gan tairiscint iomaíoch roimh ré a bheith faighte i gcás ina léireoidh an duine, chun sástacht CRU, gur le leas fadtéarmach custaiméirí deiridh údarú a dheonú, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh CRU is gá agus is cuí; nó

c. trí iarraidh a dhéanamh ar oibritheoir an chórais tarchurtha foráil a dhéanamh ina phlean forbartha maidir le hidirnascaire a fhoirgniú.

Tá naisc chuig an reachtaíocht thuasluaite mar a leanas:

- An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999
- Na hAchtanna Imeall Trágha, 1933 – 2005
- An tAcht Gáis, 1976
- An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002

Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) rialálaí fuinnimh neamhspleách na hÉireann a bhfuil raon leathan feidhmeanna eacnamaíocha agus sábháilteachta aige. Tá naisc chuig faisnéis a bhaineann leis an ról rialála atá ag CRU maidir le giniúint leictreachais agus gáis ar fáil [na rialacháin um shábháilteacht peitriliam uas-srutha (amach ón gcósta agus ar tír) (taiscéaladh agus astarraingt)].

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an tÚdarás Inniúil Náisiúnta i leith rialú guaiseacha mórthionóiscí (COMAH). Is féidir go mbeidh sé sin ábhartha do roinnt tionscadal bonneagair fuinnimh, e.g., saoráidí stórála ola agus gáis nó forbairtí bonneagair fuinnimh
atá suite i gcomharsanacht bhunaíochtaí COMAH atá ann cheana. Is féidir faisnéis a fháil **anseo**.

Tá faisnéis faoi cheadúnú agus ceadú comhshaoil ar fáil **anseo**.

Cuimsíonn an t-imeall trá an limistéar ón líne bharr láin amach go 12 mhuirmhíle. Ach amháin i gcás roinnt eisceachtaí, is faoi úinéireacht an Stáit atá an t-imeall trá. Dá bhrí sin, ní mór do dhuine atá ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar an imeall trá toiliú limistéir mhuirí nó ceadúnas faoin Acht Imeall Trágha, 1933, a fháil.

Tá faisnéis faoi cheadúnú giniúna agus tarchurtha leictreachais ar fáil anseo.

Tá faisnéis faoi thoiliú píblíne agus faoi cheadúnú eile bonneagair gáis ar fáil anseo.

## 5.11 Astaíochtaí Tionsclaíocha agus Ceadúnú i leith Rialú Comhtháite ar Thruailliú

Ciallaíonn gníomhaíocht faoin treoir maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha próiseas, forbairt nó oibríocht atá sonraithe sa reachtaíocht, a mhéid a dhéantar an próiseas, an fhorbairt nó an oibríocht atá sonraithe i suiteáil atá ceangailte nó a bhaineann le gníomhaíocht eile ar gníomhaíocht faoin treoir maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha í agus a dhéantar i suiteáil.

### 5.11.1 An Reachtaíocht um Cheadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011)
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 355 de 2015)
- Na Rialacháin fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Astaíochtaí Tionsclaíocha) (Ceadúnú), 2013 (I.R. Uimh. 137 de 2013)
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Astaíochtaí Tionsclaíocha), 2013 (I.R. Uimh. 138 de 2013)
- Na Rialacháin fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Táillí Ceadúnúcháin), 2013 (I.R. Uimh. 284 de 2013)
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gléasraí Loiscthe Dramhaíola agus Gléasraí Comhloiscithe Dramhaíola), 2013 (I.R. Uimh. 148 de 2013)
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Mórghléasraí Dócháin), 2012 (I.R. Uimh. 566 de 2012)
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú), 2012 (I.R. Uimh. 282 de 2012)
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú) (Uimh. 2), 2012 (I.R. Uimh. 457 de 2012)
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí ina nÚsáidtear Tuaslagóirí Orgánacha), 2012 (I.R. Uimh. 565 de 2012).
- Treoir 2010/75/AE maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha

### 5.11.2 An Aidhm atá le Ceadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha

Is é an aidhm atá le ceadúnais um rialú comhtháite ar thruailliú ná astaíochtaí isteach san aer, san uisce agus sa talamh a chosc nó a laghdú, dramhaíl a laghdú agus fuinneamh/acmhainní a úsáid go héifeachtúil. Is é is ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú ann ceadúnas comhtháite aonair lena gcumhdaítear na hastaíochtaí uile ón tsaoráid agus bainistíocht comhshaoil na saoráide. Tá formhór na gceanglas reachtach maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú leagtha amach sna Rialacháin fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Rialú Comhtháite ar Thruailliú) (Ceadúnú), 2013 (I.R. Uimh. 283 de 2013), arna leasú, agus san Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Sula ndeonófar aon cheadúnas, ní mór do thionscnóir tionscadail an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a shásamh nach mbeidh na hastaíochtaí ón ngníomhaíocht ina gcúis le drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol.

Is leis an gceadúnas sin a rialaítear na hoibríochtaí gaolmhara uile a sheolann sealbhóir an cheadúnais i ndáil leis an ngníomhaíocht.

### 5.11.3 Ceadúnú i leith Rialú Comhtháite ar Thruailliú

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag ceadúnú gníomhaíochtaí áirithe ón mbliain 1994 i leith. Is leis an Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú, a rialaítear ceadúnú i leith rialú comhtháite ar thruailliú.

Tá nósanna imeachta mionsonraithe maidir leis an bpróiseas um cheadúnú i leith rialú comhtháite ar thruailliú leagtha amach san Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú, agus sna rialacháin ghaolmhara cheadúnúcháin.

## 5.12 An Treoir um Ghnáthóga

Chun láithreáin Eorpacha (Limistéir Chaomhantais Speisialta) a chosaint, is gá toiliú an Aire a fháil i leith gníomhaíochtaí áirithe, ar a dtugtar Gníomhaíochtaí ar Gá Toiliú ina leith, a d’fhéadfadh damáiste a dhéanamh d’éiceolaíocht láithreán muirí nó a d’fhéadfadh cur isteach uirthi.

Seo a leanas na gníomhaíochtaí ar gá toiliú ina leith a bhaineann leis na Limistéir Chaomhantais Speisialta sin:

- Pléascadh, druileáil, dreidireacht, nó iontaisí, carraig, mianraí, láib, gaineamh, gairbhéal nó dríodar eile a bhaint nó a chorraí ar bhealach eile.
- Taighde eolaíoch a dhéanamh lena n-áirítear bailiú agus baint ábhar bitheolaíoch.

Cé gur féidir go mbeidh na gníomhaíochtaí sin incheadaithe in imthosca áirithe, ceanglaítear faoi na Rialacháin toiliú an Aire a fháil sula dtosófar aon oibreacha. Is cion é na gníomhaíochtaí sin a sheoladh gan an toiliú is gá. Sa chleachtas, ba cheart an toiliú sin a lorg ar dtús ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Níl aon cheanglas ann toiliú an Aire a fháil, áfach, más rud é go bhfuil an ghníomhaíocht ceadúnaithe ag údarás poiblí eile nó go bhfuil sí faoi réir cead a fháil ó údarás poiblí eile.

## 5.13 Iarratais Phleanála Muirí agus Tionscadail Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta

Leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, arna thrasuí isteach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, soláthraítear sásra do thionscadail oidhreachta fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá tar éis dul isteach sa phróiseas imeall trá aistriú isteach chuig an gcóras nua toilithe, agus tá an méid sin leagtha amach i bprótacal idirthréimhseach.

Faoin bprótacal idirthréimhseach, tabharfar tosaíocht do thionscadail atá ann cheana sa chóras imeall trá agus iad ag dul tríd an bpróiseas pleanála limistéir mhuirí.

Sula ndéanfar aon iarratas ar chead pleanála, ceanglófar ar gach tionscadal sa limistéar muirí toiliú limistéir mhuirí a fháil, rud arb ionann é, tríd agus tríd, agus measúnú airgeadais agus ardleibhéil ar an tionscadal agus a ghlacann áit na gné léasa imeall trá den reachtaíocht atá ann cheana. Is é an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí a dhéanfaidh formhaoirseacht ar an measúnú ar thoilithe limistéir mhuirí agus ar eisiúint na dtoilithe sin.

Faoi alt 287 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ceanglaítear ar iarratasóir dul i mbun comhairliúcháin réamhiarratais leis an gCoimisiún Pleanála sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas ar chead faoi alt 291 den Acht.

# 6. Geallsealbhóirí Móra

## Beidh na geallsealbhóirí móra a bheidh i gceist ag brath ar an tionscadal aonair (leictreachas, ola, gás, etc.) agus ar an suíomh sonrach nó na suíomhanna sonracha lena mbaineann.

Beidh an t-údarás áitiúil don limistéar ina bhfuil an tionscadal suite i measc na ngeallsealbhóirí móra do thionscadal atá ar liosta an Aontais. I gcás tionscadail líneacha (e.g., línte leictreachais), is dócha go mbeidh níos mó ná údarás áitiúil amháin i gceist.

I measc na ngeallsealbhóirí móra eile beidh comhlachtaí atá forordaithe faoi phíosaí éagsúla reachtaíochta. Tríd is tríd, beidh sé de cheart ag na comhlachtaí forordaithe sin go rachfaí i gcomhairle leo faoin tionscadal nuair a thaisctear aon iarratas. Ag brath ar an tionscadal agus ar a shuíomh, beidh na tuairimí ó roinnt de na comhlachtaí sin ríthábhachtach maidir le toradh an tionscadail. Ba cheart dul i gcomhairle leis na comhlachtaí sin sula dtabharfar mionsonraí an tionscadail chun críche. Mar shampla, i gcás ina bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag tionscadal ar láithreán Eorpach (Limistéar Caomhantais Speisialta nó Limistéar Cosanta Speisialta), ba cheart dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a luaithe is féidir sula roghnófar aon suíomh nó aon bhealach.

Maidir le pleanáil spáis, i gcás ina measfar gur forbairt bonneagair straitéisigh é tionscadal, tabharfaidh an Coimisiún Pleanála (FBS) liosta de na comhlachtaí forordaithe nach mór dul i gcomhairle leo don iarratasóir ionchasach ag deireadh na céime réamhiarratais de chomhairliúcháin.

Beidh grúpaí cónaitheoirí i measc na ngeallsealbhóirí móra eile. De ghnáth, beidh an t-údarás áitiúil don limistéar ina bhfuil an tionscadal le lonnú in ann ainm agus mionsonraí teagmhála na ngrúpaí cónaitheoirí áitiúla a sholáthar.

Féach Aguisín 1 chun mionsonraí teagmhála a fháil.

# 7. Leibhéal Mionsonraithe na nDoiciméad le haghaidh Iarratas

## 7.1 An Fhaisnéis is Gá

Ceanglóidh gach údarás lena mbaineann go dtíolacfaí faisnéis shonrach in éineacht le hiarratas ar thoiliú do thionscadal.

Is coiteann do gach iarratas atá roinnt ceanglas faisnéise, fiú amháin i gcás ina bhfuil ceanglais reachtacha éagsúla i gceist leo. Chun go mbreithneofar aon iarratas, is dócha go n-áireofar iad seo a leanas leis an bhfaisnéis is gá:

- Tuairisc ar an tionscadal agus ar an gcuspóir atá leis, lena n-áirítear na pleananna, na líníochtaí agus na codanna is gá chun mionsonraí a léiriú faoi dhearadh an tionscadail agus faoin gcuma atá air.
- Suíomh an tionscadail, agus léarscáil nó léarscáileanna ann lena mionsonraítear an láithreán beartaithe.
- Plean riosca tuilte, i gcás inar gá.

I gcás inarb infheidhme, faisnéis (lena n-áirítear plean nó pleananna) faoi na nithe seo a leanas:

- aon láithreáin nó aon ghnéithe a bhfuil tábhacht leo ó thaobh caomhantais dúlra de, e.g., láithreáin a bhfuil tábhacht gheolaíoch/tírdhreacha leo;
- gnáthóga speiceas cosanta, gnáthóga tábhachtacha nó gnéithe eile éagsúlachta, agus dóthain mionsonraí ann chun go mbeidh an t-údarás toilithe in ann Measúnacht Chuí a dhéanamh faoin Treoir um Ghnáthóga; agus
- dobharlaigh atá i bplean bainistíochta abhantraí, mar aon le measúnú ar aon éifeachtaí ar láithreáin, gnéithe, gnáthóga nó dobharlaigh ar dóigh dóibh teacht as an bhforbairt bheartaithe.

I gcás ina gceanglófar ar thionscadal measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh, ní mór an fhaisnéis chuí a sholáthar i bhfoirm tuarascála ar mheasúnacht tionchair timpeallachta.

I gcás ina gceanglófar ar thionscadal Measúnacht Chuí a dhéanamh, ní mór Ráiteas Tionchair Natura a sholáthar.

## 7.2 Seicliosta

### Is leagtha amach in Aguisín II atá na mionsonraí is gá chun iarratas a dhéanamh ar fhorbairt bheartaithe ar mheas an Coimisiún Pleanála (FBS) gur forbairt bonneagair straitéisigh í.

Is leagtha amach in Aguisín II atá mionsonraí faoi cheanglais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le hiarratais ar chead nó ar cheadúnas.

Is leagtha amach in Aguisín II atá mionsonraí faoi cheanglais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis na próisis phleanála.

Is leagtha amach in Aguisín II atá mionsonraí faoi cheanglais na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le toiliú imeall trá.

Is leagtha amach in Aguisín II atá mionsonraí faoi cheanglais CRU maidir le hiarratais ar chead nó ar cheadúnas.

Sainaithneoidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta, i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn togra ón tionscnóir tionscadail, raon feidhme an ábhair agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le tíolacadh ag an tionscnóir tionscadail mar chuid den chomhad iarratais chun iarratas a dhéanamh ar an gcinneadh cuimsitheach.

# 8. Mionsonraí Teagmhála

**Údarás Inniúil Náisiúnta:** An Coimisiún Pleanála

Tá an pointe teagmhála don Choimisiún Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta) mar a leanas:

**Muiríosa Cassells**
Ríomhphost: M.Cassells@pleanala.ie

**Karen Byrne**
Ríomhphost: K.Byrne@pleanala.ie

**I gcás nach mbeidh siad ar fáil, is féidir ceisteanna a sheoladh chuig:**
An Coimisiún Pleanála
An tAonad um Thionscadail Leasa Choitinn,
64 Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1.
Fón 01 8588100 nó Glao Áitiúil 1890 275 175



## 8.1 Na hÚdaráis Eile lena mBaineann

| Eagraíocht | Seoladh Ríomhphoist | Mionsonraí Teagmhála |
|---|---|---|
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. | Tionscadail Leasa Choitinn a bhaineann le Gás<br>Philip.connolly@DECC.gov.ie<br>Tionscadail Leasa Choitinn a bhaineann le Leictreachas<br>Paul.corcoran@DECC.gov.ie<br>Bernard.nolan@DECC.gov.ie | 29/31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, D02 X285<br>+353 (0) 1 6782000<br>+353 (0) 1 6783135 |
| An Coimisiún um Rialáil Fóntais. | info@cru.ie | Teach an Ghráin, An Malartán, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 PXW0<br>+353 (0) 1 4000800 |
| An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. | manager.dau@housing.gov.ie | 90 Sráid an Rí Thuaidh, Baile Átha Cliath 7, D07 N7CV<br>+353 (0)1 888 2000 |
| An Coimisiún Pleanála (Forbairt Bonneagair Straitéisigh). | SIDS@pleanala.ie | 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902<br>+353 (0) 1 8588100 |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. | Yvonne.Doris@housing.gov.ie | An tAonad Imeall Trá, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Y35 AP90<br>+353 (0) 53 9117342 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. | eiaplanning@epa.ie | Ceanncheathrú na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil Bosca Oifig Phoist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Contae Loch Garman Y35W821<br>+353 (53) 916 0600 |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. | comah@hsa.ie | An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8<br>+353 (0) 1 6147000 |

An Coimisiún Pleanála

64 Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1
64 Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

**Glao Áitiúil**
1890 275 175

T. (01) 858 8100
F. (01) 872 2684